



Department of  
**Education**

[www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk)

AN ROINN  
**Oideachais**

MÁNNYSTRIE O  
**Lear**



**CAILL SCOIL = CAILL AMACH**

**Straitéis Fheabhsú  
Tinrimh Daltaí**



# Clár Ábhair

Téarmaí atá in úsáid sa cháipéis seo	1
Réamhrá An Aire	3
Achoimre Fheidhmeach	5
1. Intreoir	7
2. Ár bhfís i dtaca le láithreacht ar scoil	15
3. Ceannasaíocht	20
4. Luath-Idirghabháil	21
5. Tacaíocht Éifeachtach	23
6. Comhoibriú agus Rannpháirtíocht	28
7. Comhroinnt an Dea-Chleachtais	31
8. Róil agus freagrachtaí	33
9. Conclúid	39
Aguisín 1      Achoimre ar na polasaithe tinrimh i ndlínsí eile	41
Aguisín 2      Teagmháil le Páirtithe Leasmhara	45
Aguisín 3      Liosta na bpáirtithe leasmhara	53



## Téarmaí atá in úsáid sa cháipéis seo

BG	Boird Gobharnóirí
CFS	Scéim Cómhainithe: Faoi fhorálacha Ordú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 2003, rinneadh Scéim Cómhainithe a dhréachtú lena cur i bhfeidhm ar gach scoil dheontaschúnta atá á maoiniú faoi shocruithe Bainistiú Áitiúil Scoileanna (LMS).
An Roinn	An Roinn Oideachais
ÚO	An tÚdarás Oideachais
ETI	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
EWO	Oifigeach Leasa Oideachais
EWS	Is seirbhís speisialtóra tacaíocht oideachais í an tSeirbhís Leasa Oideachais a chuidíonn le daoine óga atá in aois éigeantach scoile agus lena dteaghlach uastairbhe a bhaint as an chóras oideachais. Cuireann EWS ar chumas an ÚO a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh ó thaobh láithreachta daltaí de.
FSME	Teidlíocht Béilí Saora Scoile
IDS	Seirbhís Cuimsithe agus Ilchineálachta; tairgeann comhairle, áiseanna agus tacaíocht do scoileanna agus múinteoirí a bhíonn ag obair le daltaí Nuathagtha.
LAC	Páiste a dTugtar Aire Dó/Di. Páiste nó duine óg atá faoi chúram lontaobhais nó a gcuireann lontaobhas lóistín ar fáil dó/di.
Nuathagtha	Páiste nó duine óg atá rollaithe i scoil ach nach bhfuil scoileanna teanga leorga aige/aici le bheith rannpháirteach go hiomlán i gcuraclam na scoile agus nach bhfuil teanga choiteann aige/aici féin agus ag an mhúinteoir.
NIAO	Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
PAC	Coiste na gCuntas Poiblí
Tuismitheoir	Cuimsíonn sé seo tuismitheoir, cúramóir agus/nó caomhnóir dlíthiúil páiste nó duine óg.
TESS	Seirbhís Tacaíocht Oideachais Taistealaithe; Soláthraíonn tacaíocht do scoileanna agus do páistí agus daoine óga den Lucht Siúil le torthaí oideachasúla a fheabhsú.



## Réamhrá An Aire

Ag croílár an pholasáí feabhsúchán scoile s'agam, Gach Scoil ina Scoil Mhaith, tá riachtanais agus uailmhianta páistí agus daoine óga. Is é is aidhm agamsa ná caighdeán oideachais a ardú do chách agus an bhearna sa ghnóthachtáil a laghdú. An bealach is fearr againne le hinfheistíocht a dhéanamh i rathúlacht todhchaí ár gcuid páistí ar fad, ná a chinntiú go mbíonn siad uilig rannpháirteach agus gníomhach san oideachas. Trí bheith ag freastal ar scoil ar bhonn rialta, tig le daltaí a gcuid deiseanna saoil féin agus a bhféidearthachtaí féin maidir le bheith ag cur leis an tsochaí agus leis an gheilleagar amach anseo, a uasmhéadú. Is ábhar sásaimh dom, mar sin de, an straitéis seo a thabhairt isteach le cuidiú linn ár gcuid iarrachtaí a dhíriú ar láithreacht scoile daltaí a fheabhsú.

Cé go léiríonn an fhianaise go ndéanann bunús na ndaltaí freastal rialta ar an scoil, is amhlaidh go bhfuil páistí agus daoine óga sna scoileanna s'againn a bhíonn ag streachailt ó thaobh láithreacht ar scoil de agus a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu. Spreagfaidh an straitéis seo muid le bheith ag cur níos éifeachtaí leis an dea-chleachtas atá ann cheana sna scoileanna s'againn agus tarraingeoidh sí le chéile na polasaithe atá ann cheana lenár ndíograis maidir le láithreacht daltaí a fheabhsú a neartú.

Is é an croí-ról atá ag an Roinn ná straitéis chomhsheasmhach feabhsúcháin a sholáthar agus bheith ag cuidiú leis an straitéis seo a aistriú ina bearta cruthanta do thuismitheoirí, scoileanna agus seirbhísí tacaíochta, rud a spreagfaidh láithreacht rialta ar scoil. Dírionn an straitéis ar cheithre chroí-réimse a neartú:

- láithreacht a fheabhsú mar chroí-ghné den phleanáil le haghaidh forbairt scoile;
- a chinntiú go mbíonn córais i bhfeidhm le fadhbanna a shainaithint agus le gníomhú chomh luath agus is féidir;
- bheith ag tacú le páistí atá ag streachailt le láithreacht ar scoil, go háirithe na páistí sin ar de ghrúpaí leochaileacha iad; agus
- teagmháil agus comhoibriú ar fud earnáil an oideachais agus le seirbhísí bainteacha eile le láithreacht rialta ar scoil a fheabhsú.

Leanfaidh an Roinn de bheith ag obair i gcomhpháirt le gach páirtí leasmhar lena chinntiú go dtuigtear agus go gcuirtear chun cinn a thábhachtaí atá sé láithreacht ar scoil a fheabhsú agus, dá réir, deiseanna saoil ár gcuid páistí agus daoine óga.

Cé go dtiocfaidh na freagairtí ar an chomhairliúchán phoiblí ar an straitéis seo isteach i ndiaidh mo théarma féin san oifig, tá mé ag iarraidh go lorgófar barúlacha ó réimse chomh leathan agus is féidir de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear na daoine óga féin, le go dtig smaointeoireacht an Aire úir i leith straitéis chomh tábhachtach seo a threorú.



**John O'Dowd CTR**  
**Aire Oideachais**





## Achoimre Fheidhmeach

Tá sé tábhachtach ag gach páiste agus duine óg freastal rialta a dhéanamh ar an scoil nó tá nasc idir láithreach ar scoil agus gnóthachtáil. Cé go léiríonn an fhianaise go ndéanann bunús na ndaltaí freastal rialta ar scoil, tá daltaí ann a bhíonn ag streachailt ó thaobh láithreachta de. B'ionann an leibhéal láithreachta foriomlán agus 94.6% den leibhéal féideartha in 2014/15 ach is ionann seo agus 2.8 milliún de laethanta scoile cailte nó 10 lá cailte ag gach aon dalta atá rollaithe sna scoileanna s'againn.

Déantar láithreach ar scoil a bhainistiú laistigh den chreat reatha reachtaíochta agus de na polasaithe agus próisis reatha. Tá dualgas dlíthiúil ar thuismitheoirí a chinntiú go ndéanann a bpáistí freastal rialta ar an scoil ina bhfuil siad rollaithe. Tarraingíonn an straitéis seo ar an dea-chleachtas atá ann cheana i scoileanna d'fhonn creat uileghabhálach a bhunú le bearta gach duine atá ag obair le tacú le láithreach scoile fheabhsaithe a threorú.

Glacann na scoileanna is fearr a n-éiríonn láithreach ar scoil a fheabhsú le cur chuige iomlánaíoch. Bíonn na scoileanna seo réamhghníomhach maidir le straitéisí éifeachtacha a úsáid do na daltaí sin a bhíonn ag streachailt le láithreach ar scoil. Ar na croí-eilimintí comhroinnte sna scoileanna seo, tá:

- **Tiomantas ag lucht ceannasaíochta maidir le tosaíocht a dhéanamh den láithreach ar scoil;**
- **Luath-Idirghabháil éifeachtach;**
- **Tacaíocht iomchuí do dhaltaí; agus**
- **Comhoibriú agus rannpháirtíocht éifeachtach.**

Cuimsíonn an straitéis seo gach ceann de na croí-eilimintí seo agus leagann amach na táscairí rathúlachta i ngach ceann de na heilimintí.

Fágann tiomantas lucht ceannasaíochta na scoile go dtig éiteas agus cultúr scoile a chruthú mar a mbíonn meas ar an tábhacht atá le láithreach ar scoil agus ar an bhaint atá aige le gnóthachtáil. Beifear meabhrach ar láithreach scoile nuair a bhítear ag forbairt pleananna scoile agus déanfaidh Boird Gobharnóirí (BG) láithreach ar scoil a phlé. Cuirfidh ceannairí polasaithe tinrimh scoile chun cinn agus beidh siad réamhghníomhach i gcur i bhfeidhm straitéisí iomchuí le dul i ngleic le fadhbanna láithreachta. Cuirfear é seo in oiriúint do chúinsí na scoile agus d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé tacaíocht bhreise dóibh sin atá ag streachailt le láithreach rialta amhail coigeartuithe agus sainoiriúnú curaclaim, pleananna pearsanta oideachais, nó clubanna obair baile srl.

Déanfaidh na scoileanna sin a n-éiríonn leo dul i ngleic le drochláithreach grinnmhonatóireacht ar shonraíocht, gníomhóidh siad go pras i dtaca le buarthaí féideartha agus déanfaidh siad teagmháil le thuismitheoirí ag céim luath. Éireoidh le roinnt scoileanna feidhm éifeachtach a bhaint as acmhainní inmheánacha le tacaíocht bhreise a sholáthar le láithreach ar scoil a fheabhsú. Déanfaidh siad teagmháil le seirbhísí tacaíochta in am trátha má bhraitheann siad gur thriail siad gach ceann dá gcuid straitéisí féin agus go bhfuil cuidiú de dhíth le tabhairt faoin ábhar buartha.

Má tá an scoil buartha nó má thiteann an leibhéal láithreachta faoi bhun 85%, ba cheart di tacaíocht a iarraidh ar an ÚO. Tá Seirbhís Leasa Oideachais (EWS) thiomnaithe ag an ÚO a chuidíonn le páistí óga scoilaoise agus lena dteaghlach uastairbhe a bhaint as an chóras oideachais. Is é is aidhm aici cultúr a chur chun cinn ina mbeadh freastal rialta ar scoil i réim. Bíonn EWOanna ag obair go réamhghníomhach le scoileanna le feasacht ar cheisteanna láithreachta a mhúscailt trí straitéisí comhaontaithe a úsáid, mar shampla; an clár Primary Attendance Matters, tionóil uile-scoile, seisiúin eolais do thuismitheoirí/baill foirne teagaisc maidir le ról EWS.

Tá cuntas sa straitéis seo ar chur chuige uilíoch i leith tacú le láithreacht scoile daltaí. Baineann sé le gach scoil agus gach dalta; is amhlaidh, áfach, go bhfuil grúpaí sainiúla de pháistí agus daoine óga leochaileacha ann a bhféadfadh sé go mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth orthu. Soláthraíonn an Roinn tacaíocht bhreise do dhaltaí de chuid na ngrúpaí leochaileacha sainiúla seo lena n-áirítear páistí atá i dteideal Béilí Saora Scoile, páistí nuathagtha, páistí den lucht siúil agus páistí a dtugtar aire dóibh. Tá roinnt polasaithe agus idirghabhálacha i bhfeidhm fosta le tacú le páistí agus daoine óga atá ag streachailt le ceisteanna eile a bhféadfadh sé tionchar a bheith acu ar láithreacht ar scoil amhail sláinte agus folláine mhothúchánach nó tromaíocht.

Tá sé rithábhachtach go mbíonn tuismitheoirí rannpháirteach i rith an ama in oideachas a bpáiste le spreagadh agus tacaíocht a sholáthar ó aois óg agus le meon dearfach i leith láithreacht ar scoil a chothú. Beidh teagmhail le tuismitheoirí ina heilimint thábhachtach de pholasaí agus de ghnáthaimh tinrimh gach scoile. Ag leibhéal straitéiseach/córais, tig le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí bheith ag obair le chéile le tábhacht na láithreachta rialta ar scoil a chur chun cinn, ionas go mbeidh teachtaireacht chomhsheasmhach i dtaca le láithreacht scoile le tuiscint agus le comhroinnt tráth a mbíonn teagmháil idir daoine (tuismitheoirí/cúramóirí agus daltaí) agus seirbhísí amhail seirbhísí sláinte, dlí is cirt, rialtas áitiúil nó cúram sóisialta. Is féidir an comhoibriú trasearnála seo a bheith ina chuidiú againn fosta maidir le bheith ag dul i gcion ar phobail áitiúla lena chinntiú go dtuigtear a thábhachtaí atá an t-oideachas agus freastal rialta ar scoil agus go gcuirtear an teachtaireacht seo chun cinn laistigh de na pobail seo.

Tá go leor samplaí de dea-chleachtas le láithreacht ar scoil a fheabhsú i scoileanna a dtiocfadh le scoileanna eile tarraingt orthu. Soláthraíonn an Roinn treoir do scoileanna maidir le láithreacht a fheabhsú. Ar a bharr seo, tá treoir dea-chleachtas á forbairt ag an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, bunaithe ar shamplaí den chleachtas is fearr i scoileanna agus beidh sé seo ar fáil le cuidiú le scoileanna leibhéil láithreacht scoile a fheabhsú.


In ainneoin a thábhachtaí atá an láithreacht ar scoil agus an obair iontach atá ag dul ar aghaidh faoi láthair i scoileanna agus seirbhísí tacaíochta, léiríonn na staitisticí nár tharla mórán d'athrú le blianta beaga anuas. Tá a tiomantas athdhearbhaithe ag RO trí pholasaithe reatha láithreachta a shíneadh isteach sa chreat aonair seo atá bunaithe ar na croí-eilimintí atá i coitinne ag na scoileanna is fearr a n-éiríonn leo láithreacht ar scoil a fheabhsú, d'fhonn an bealach chun tosaigh a threorú. Tacóidh an straitéis seo in éineacht leis an treoir a eisíonn an Roinn agus na seirbhísí tacaíochta a sholáthraíonn an tÚO le scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí an láithreacht ar scoil a fheabhsú.

# 1. Intreoir

## 1.1 Cúlra

- 1.1.1 Is téama leanúnach é "Caill lá scoile = Caill amach" atá ag rith tríd ábhair atá eisithe le deireanas agus iad dírithe ar luach na láithreachta rialta scoile a chur chun cinn. Coimrionn agus simplíonn an frása simplí seo an tionchar féideartha a bhíonn ag asláithreacht scoile agus tacaíonn leis an fhianaise a léiríonn an nasc díreach idir láithreacht ar scoil agus gnóthachtáil oideachasúil. Leagfar amach sa straitéis an tábhacht atá le láithreacht scoile a fheabhsú agus, dá réir, deiseanna saoil páistí agus daoine óga a fheabhsú, go háirithe na daoine sin atá ag streachailt ó thaobh láithreacht ar scoil de.
- 1.1.2 Déanann tromlach na ndaltaí freastal rialta ar scoil agus tacaíonn a dtuismitheoirí leo leis seo a dhéanamh. Trí dhul i gcomhairle le scoileanna, táthar i ndiaidh an iomad samplaí de dheachleachtas maidir le láithreacht a bhainistiú i scoileanna a aibhsiú mar aon le tiomantas na mball foirne laistigh de scoileanna maidir le bheith ag tacú le freastal rialta ar scoil agus é a spreagadh.
- 1.1.3 Ní hionadh é, mar sin de, go léiríonn staitisticí gur cosúil an ráta tinrimh foriomlán, nach n-athríonn mórán ó bhliain go bliain, leis an ráta i ndlínsí eile. B'ionann an ráta foriomlán láithreachta in 2014/15 agus 94.6% le ráta asláithreachta de 5.4% (féach fíor 1). Cé go bhfuil gach dealramh ar an staitistic seo gur staitistic measartha dearfach í, is ionann í agus thart ar 2.8 milliún de scoil-laethanta caillte in 2014/15, nó 10 lá in aghaidh gach dalta.


Fíor 1 Láithreacht agus asláithreacht 2014/15



Foinse: Daonáireamh Scoile Thuaisceart Éireann 2015/16

1.1.4 Is ábhar buartha iad na leibhéil ísle láithreachta seo agus 18,401 dalta<sup>1</sup> in 2014/15 ag cailleadh 15% nó níos mó dá laethanta scoile, rud a fhágann gur chaill gach dalta níos mó ná 5 seachtaine den scoil. Léiríonn Fíor 2 go bhfuil sé le sonrú go soiléir go bhfuil gnóthachtáil oideachasúil na ndaltaí sin a raibh leibhéal láithreachta faoi bhun 85% acu níos ísle ná na daltaí a bhfuil leibhéal láithreachta de 85% nó níos mó acu.

Fíor 2 Feidhmíocht TGMO na bhfágálaithe scoile de réir leibhéal láithreachta 2013/14



Foinse: Suirbhé Fágálaithe Scoile Thuaisceart Éireann 2013/14<sup>2</sup>


1.1.5 Táthar i ndiaidh tabhairt faoi go leor oibre i scoileanna maidir le leibhéal láithreachta a bhainistiú agus tá laghdú<sup>3</sup> suntasach tagtha ar líon na ndaltaí ag a bhfuil leibhéal láithreachta de 85% nó faoina bhun ó chóir a bheith 25,000 dalta in 2009/10 go dtí chóir a bheith 18,500 in 2014/15 (féach fíor 3).

<sup>1</sup> Úsáidtear an téarma 'dalta' le rollachán gach dalta a léiriú. Is féidir, faoi rollacháin daltaí, daltaí a bheith ag aistriú idir scoileanna i gcaitheamh na bliana acadúla agus is féidir, dá réir, go mbeadh níos mó ná an t-aon rollachán amháin ag dalta san aon bhliain acadúil amháin agus níos mó ná an t-aon tuairiscéan monatóireacht tinrimh.

<sup>2</sup> Tabhair do d'aire nach raibh torthaí TGMO na bliana 2014/15 ar fáil tráth an fhoilsithe.

<sup>3</sup> Tháinig laghdú beag ar an daonra scoile le linn na tréimhse seo agus líon iomlán na ndaltaí ag titim ó 283,000 in 2009/10 go dtí 282,000 in 2014/15 (Daonáireamh Scoileanna TÉ).

**Fíor 3** Daltaí rollaithe ag a raibh leibhéal láithreachta faoi bhun 85%; gach scoil 2009/10–2014/15



Foinse: Daonáireamh Scoile Thuaisceart Éireann 2009/10–2015/16

1.1.6 Fághtar bainistiú láithreachta daltaí ar scoil níos casta arís de dheasca chéatadán na hasláithreachta neamhúdaraíthe, nuair nach gcuirtear ar fáil don scoil aon chúis inghlactha leis an asláithreachta. Tá léirithe i dTábla 1 fíorlíon iarbhir na laethanta scoile a cailleadh as siocair asláithreachta, idir údaraíthe agus neamhúdaraíthe, in 2014/15.

**Tábla 1** Gach scoil i dtuaisceart na hÉireann; láithreachta agus asláithreachta 2014/15

Sonraíocht tinrimh foriomlán na scoileanna 2014/15 <sup>4</sup>	Líon laethanta <sup>5</sup> (milliúin)	Céatadán den líon féideartha laethanta láithreachta
Láithreachta iomlán fhéideartha	50.9	100
Láithreachta fhoriomlán	48.2	94.6
Asláithreachta fhoriomlán	2.8	5.4
Asláithreachta fhoriomlán údaraíthe	2.0	3.9
Asláithreachta fhoriomlán Neamhúdaraíthe	0.8	1.5


Foinse: Daonáireamh Scoile Thuaisceart Éireann 2015/16

<sup>4</sup> Tá na figiúirí do líon na laethanta sa tábla slánaithe, ach tá figiúirí céatadán a ríomh ó shonraí neamhshlánaithe, áfach; is é an toradh atá leis, nár chóir don léitheoir iarracht a dhéanamh na céatadán a mhacasamhlú ó na figiúirí slánaithe sa tábla.

<sup>5</sup> Le léirmhíniú a éascú, tá an tsonraíocht tinrimh sa tábla á léiriú mar laethanta; tuairiscíonn scoileanna láithreachta daltaí ar scoil de réir tréimhsí leathlae, a tiontaíodh ina laethanta sa tábla seo.

- 1.1.7 Is rud tábhachtach ag gach dalta bheith i láthair ar scoil nó tá curtha síos don asláithreacht go bhféadann sé cur leis an bhaol go ndéanfadh daoine óga drochroghanna saoil amhail iompar frithshóisialta, coiriúlacht agus dúshaothrú. Bíonn tacaíocht bhreise de dhíth ar roinnt grúpaí leochaileacha de pháistí agus daoine óga le cuidiú leo lánacmhainneacht a bhaint amach.
- 1.1.8 Léiríonn an tsonraíocht go bhfuil naisc ann idir díothacht shóisialta agus láithreacht ar scoil. Tig méadú ar leibhéal asláithreachta fhoriomlána i gcomhréir le céatadán na ndaltaí rollaithe atá i dteideal béilí saora scoile (féach fíor 4).

**Fíor 4** Céatadán de na daltaí ar fad atá rollaithe ag a bhfuil láithreacht faoi bhun 85 faoin chéad de réir Theidlíocht Béilí Saora Scoile (FSME); 2014/15



Foinse: Daonáireamh Scoile 2015/16

- 1.1.9 Ar chroí-eilimint den straitéis seo, bítear ag iarraidh a chinntiú go sainaitnítear agus go bpléitear le ceistanna láithreachta chomh luath agus is féidir, lena chinntiú go bhfaigheann ár gcuid páistí agus daoine óga uilig, beag beann ar na cúinsí faoina bhfuil siad, an deis is fearr is féidir le lánacmhainneacht a bhaint amach.

## 1.2 Comhthéacs

### An Staid Reatha

- 1.2.1 Aithníonn an straitéis seo an creat reachtaíochta, na córais agus na polasaithe reatha faoina ndéantar láithreacht scoile daltaí a bhainistiú. Is taighde ar láithreacht scoile a fheabhsú, lena n-áirítear rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus tuairiscí de chuid Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann (NIAO)/Coiste na gCuntas Poiblí (PAC), a threoraigh forbairt na straitéise.

## An Creat Reachtaíochta

- 1.2.2 Tá dualgas reachtúil ar thuismitheoirí, mar atá leagtha amach in Alt 45 d'Ordú Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986 (ordú 1986), a chinntiú go bhfaigheann gach páiste atá in aois éigeantach scoile oideachas lánaimseartha trí bheith ag freastal go rialta ar scoil nó trí mhodh eile. Má chláraíonn tuismitheoir a p(h)áiste ar scoil, tá dualgas dlíthiúil ar an tuismitheoir faoi ordú 1986 a chinntiú go ndéanann an páiste freastal rialta ar an scoil.
- 1.2.3 Tá dualgas ar scoileanna, mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Chlárú agus Tinreamh Daltaí (Tuisceart Éireann) 1974, sonraí de thinreamh daltaí a choinneáil agus socruithe a bheith i bhfeidhm acu le dul i ngleic le fadhbanna tinrimh ar bith. Tá sonraíthe i Rialacháin Oideachais (Pleananna Forbairt Scoile) (Tuisceart Éireann) 2010 gur ceart do scoileanna straitéisí le láithreacht ar scoil a chur chun cinn a chuimsiú ina bPlean Forbairt Scoile.
- 1.2.4 Faoi ordú 1986, mura ndéanann páiste nó duine óg atá cláraithe ar scoil freastal rialta ar an scoil, is ceadmhach don Údarás Oideachais (ÚO) cás dlí a thionscnamh a bhféadfadh sé a tharlú, dá bharr, go ngearrfaí fineáil nach mó ná £1000 in aghaidh an pháiste ar an tuismitheoir. Is ceadmhach don ÚO chomh maith iarratas a dhéanamh faoi Ordú Páistí (TÉ) 1995 ar an chúirt Ordú Maoirsithe Oideachais a eisiúint.

## An Córas Reatha

- 1.2.5 Seo a leanas na croí-eilimintí den chóras reatha faoina ndéantar láithreacht ar scoil a bhainistiú:
- Cuirtear an tábhacht atá le láithreacht ar scoil in iúl trí ábhair a fhoilsiú, trí ghníomhaíochtaí bolscaireachta agus trí threoir dea-chleachtais do scoileanna.
  - Cuireann scoileanna polasaithe agus gnáthaimh tinrimh faoi bhráid tuismitheoirí agus daltaí lena n-áirítear róil agus freagrachtaí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí.
  - Déanann scoileanna taifead leictreonach de thinreamh daltaí agus úsáideann na sonraí seo le monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar thinreamh agus le beart pras iomchuí a chur i ngníomh i gcásanna drochláithreacht leanúnach nó patrúin ar údar imní iad. Bíonn tuismitheoirí rannpháirteach ón tosach.
  - Cuirtear sonraí láithreachta dalta ar fáil go rialta don tuismitheoir agus déantar teagmháil leis an tuismitheoir má thagann ann d'fhadhb nó d'údar imní ar bith.
  - Má bhíonn aon ábhar imní ag scoil nach n-éiríonn léi é a réiteach nó má thiteann leibhéal láithreachta faoi bhun 85%, ba cheart cás an dalta a chur ar aghaidh chuig Seirbhís Leasa Oideachais an ÚO (EWS).

- Soláthraíonn EWS tacaíocht do scoileanna, do dhaltáí agus do thuismitheoirí le láithreacht ar scoil a fheabhsú agus tá an t-údarás dlíthiúil ag an ÚO cás a thionscnamh in éadan tuismitheora. Ní bhaintear feidhm as pionóis a ghearradh ar thuismitheoirí ach nuair a bhíonn gach rogha eile ídithe, go príomha nuair nach mbíonn an tuismitheoir ag comhoibriú agus nuair nach dtagann aon fheabhas ar láithreacht scoile an dalta.

### Cuir chuige i ndlínsí eile

- 1.2.6 Dhearbhaigh taighde i ndlínsí eile polasaithe a bhí a bheag nó a mhór mar an gcéanna maidir le láithreacht ar scoil. Díritear polasaithe láithreachta i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag, i bPoblacht na hÉireann, i gCeanada agus sa Nua-Shéalainn ar ról lárnach agus ríthábhachtach an tuismitheora maidir le láithreacht rialta a p(h)áiste ar scoil a chinntiú. Cinntíonn gach tír go mbíonn polasaithe tinrimh agus meicníochtaí tacaíochta i bhfeidhm le cuidiú le tuismitheoirí agus le tuiscint a chur ar na tionchair ar láithreacht ar scoil a eascraíonn as an scoil féin agus as timpeallacht lasmuigh.
- 1.2.7 Bítear ag cuidiú le scoileanna agus le húdaráis áitiúla trí threoir neamhrechtúil a eisiúint an rialtas lárnach maidir le cad is polasaí tinrimh éifeachtach ann. Is ionann an treoir agus bonn ar a dtig le scoileanna a gcuid polasaithe tinrimh a fhorbairt agus a chur in oiriúint dá gcuid cúinsí sainiúla féin. Ní ghearrtar pionóis ar thuismitheoirí ach nuair a bhíonn gach rogha eile ídithe, go príomha faoi chúinsí nuair nach mbíonn an tuismitheoir ag comhoibriú.
- 1.2.8 Tá achoimre ar na polasaithe tinrimh i ndlínsí eile ar fáil in Aguisín 1.

### Dearcadh scoileanna, tuismitheoirí, daoine óga, agus an Údaráis Oideachais

- 1.2.9 Le gur féadadh bonn eolais a chur faoi ábhar na straitéise seo, reáchtáladh roinnt imeachtaí rannpháirtíochta le scoileanna, tuismitheoirí, daoine óga agus baill foirne de chuid an Údaráis Oideachais. Tá sonraí breise ar na himeachtaí seo ar fáil in Aguisín 2. Tá liosta iomlán de na páirtithe leasmhara ar fáil in Aguisín 3.
- 1.2.10 D'eascair roinnt téamaí as na himeachtaí rannpháirtíochta seo lena n-áirítear an gá atá le comhthuiscint ag gach grúpa ar na tairbhí a thagann le rannpháirtíocht iomlán tuismitheoirí agus le cumarsáid i dtaca le drochláithreacht ar scoil, chomh luath agus is féidir. Bhíothas ar aon fhocal chomh maith maidir lena luachmhaire atá meicníochtaí tacaíochta le dul i ngleic le hasláithreacht scoile.
- 1.2.11 Rinneadh teagmháil le daoine óga (darbh aois 15-22 bliain), a mbíodh cuid acu féin ag streachailt ó thaobh láithreacht ar scoil de. Rinne cuid acu tagairt do bhraistint domheanmnaithe nuair a chonacthas dóibh nach raibh an curaclam ábhartha go leor dóibh



agus gur stad múinteoirí de bheith ag iarraidh iad a ghríosú má bhí siad ag streachailt ó thaobh láithreachta scoile agus gnóthachtála de. Nuair a fiafraíodh díobh, áfach, an ndéanfadh siad rud ar bith ar dhóigh dhifriúil, dúirt siad uilig go ndéanfadh siad freastal ní ba rialta ar an scoil le cur leis na deiseanna a bheadh acu.

- 1.2.12 Chuathas i gcomhairle le páistí níos óige (aois bunscoile) trí cheistneoir. Ba mhór le go leor acu an scoil nó gur timpeallacht shábháilte thacúil a bhí ann agus léirigh siad go raibh baint ríthábhachtach ag múinteoirí agus cairde leis an mhothúchán sin. Shainithin cuid acu cúiseanna nach mbeadh siad féin ag iarraidh dul ar scoil, amhail tuirse, obair scoile agus tromaíocht. Bhí ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí i saol na bpáistí maidir le láithreachta ar scoil a spreagadh agus dea-fheidhmíocht a mholadh.
- 1.2.13 Cé go raibh sé doiligh rannpháirtíocht tuismitheoirí a mhealladh, chomhaontaigh an mhuintir sin a bhí rannpháirteach ar luach na scolaíochta. Ba cheist í an tromaíocht a thóg tuismitheoirí mar ábhar imní agus thaobhaigh siad le cur chuige láidir stóinsithe ón scoil i leith na faidhbe. Léirigh tuismitheoirí a dtacaíocht do dhreasachtaí amhail luaíochtaí agus aitheantas as leibhéal maith láithreachta scoile.
- 1.2.14 Nochtadh a leithéid chéanna de bhuarthaí i dtaca le hinfhaighteacht na n-acmhainní le plé le buarthaí láithreachta nuair a chuathas i gcomhairle le príomhoidí agus le seirbhísí tacaíochta. Léirigh an dá ghrúpa seo buaireamh fosta i dtaca le teagmháil idir scoileanna agus seirbhísí tacaíochta agus éifeachtacht an chórais dlí. Tógadh ceist ról na scoile maidir le láithreachta ar scoil a bhainistiú agus an riachtanas go mbeadh polasaí tinrimh ag scoileanna mar ábhar a rabhthas buartha faoi dtaobh díobh.
- 1.2.15 Dhearbhaigh na himeachtaí rannpháirtíochta gurb ionann na heilimintí is lárnaí i bhfeabhsú na láithreachta ar scoil agus buarthaí féideartha a shainithint ag céim luath, rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfeabhsú na láithreachta agus córais stóinsithe tacaíochta le cuidiú leo sin a bhíonn ag streachailt ó thaobh láithreachta de.

### Tuairiscí a rinneadh le déanaí

- 1.2.16 Thiomsaigh NIAO tuairisc ar fheabhsú láithreachta daltaí in 2004<sup>6</sup> agus foilsíodh tuairisc leantach in 2014<sup>7</sup>. D'fhoilsigh PAC a dtuairisc féin fosta ar Fheabhsú Láithreachta Daltaí ar Scoil ar an 11 Meitheamh 2014<sup>8</sup>. Rinneadh roinnt moltaí sna tuairiscí seo lena n-áirítear an gá atá le peirspictíocht shoiléir straitéiseach a fhorbairt maidir le láithreachta ar scoil a fheabhsú.

<sup>6</sup> Tuarascáil NIAO – Tinrimh Daltaí a Fheabhsú ar Scoil (Samhain 2004).

<sup>7</sup> Tuairisc NIAO – Láithreachta Daltaí ar scoil a Fheabhsú: Tuairisc Leantach (Feabhra 2014).

<sup>8</sup> Tuairisc ar Láithreachta Daltaí ar scoil a Fheabhsú: Tuairisc Leantach – Coiste na gCuntas Poiblí 2014.

- 1.2.17 Rinne an Roinn McClure Watters<sup>9</sup> a choimisiúnú le taighde a dhéanamh ar láithreachtaí daltaí ar scoil i gceantair faoi dhíothacht shóisialta sa bhliain 2012. Cuireadh síos sa tuairisc nach féidir an t-aon réiteach amháin a bheith ann ar fheabhsú láithreachta. Sainithníodh fosta torthaí dearfacha as Maoiniú Scoileanna Seirbhísí Breise trinar soláthraíodh deiseanna le naisc le teaghlaigh agus pobail a neartú agus le dul i gcion ar thuismitheoirí i dtaca le réimse de cheisteanna, lena n-áirítear láithreachta ar scoil. Cuireadh béim ar a thairbhí atá sé ag gach scoil Polasaí Tinrimh a fhorbairt ina leagtar amach go soiléir ionchais na scoile faoi choinne daltaí agus tuismitheoirí. Moladh gur ceart samplaí agus cás-staidéir soshroichte den chleachtas is fearr a sholáthar le scoileanna a threorú agus le cuidiú leo dul i ngleic leis na ceisteanna coitianta i dtaca le bainistiú láithreachta ar scoil. Táthar i ndiaidh na moltaí seo a chuimsiú sa treoir straitéiseach s'againne.
- 1.2.18 Dhearbhaigh Charlie Taylor sainchomhairleoir rialtas na RA ar chúrsaí iompraíochta<sup>10</sup> an bhéim ar luath-idirghabháil nuair a d'aibhsigh sé an nasc idir leibhéal íseal láithreachta ar scoil agus gnóthachtáil acadúil níos ísle. Tosaíonn asláithreachta ag leibhéal na bunscolaíochta agus déantar patrún di. Is minic an patrún seo ag leanúint ar feadh bhlianta na meánscolaíochta agus drochmheon i leith na scoile ag eascairt aisti. Is eochair-shnáithe í an luath-idirghabháil de na polasaithe atá againn faoi láthair agus den straitéis seo.

---

<sup>9</sup> Taighde ar fheabhsú na láithreachta i Scoileanna a Fhreastalaíonn ar Cheantair atá faoi Dhíothacht - RSM McClure Watters 2012.

<sup>10</sup> [www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment\\_data/file/180772/DFE-00036-2012\\_improving\\_attendance\\_at\\_school.pdf](http://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/180772/DFE-00036-2012_improving_attendance_at_school.pdf)

## 2. Ár bhfís i dtaca le láithreacht ar scoil

2.1 "Níl aon réiteach amháin ann ná aon 'réiteach draíochta' ar fhadhb na láithreacha ar scoil"<sup>11</sup>. Is ionann an straitéis uileghabhálach seo i leith láithreacht ar scoil, áfach, agus creat dóibh sin uilig a bhfuil baint acu le feabhsú na láithreachta sna scoileanna s'againn. Is ionann aidhm fhoriomlán an pholasáí seo agus:

- Uasmhéadú a dhéanamh ar an ráta tinrimh faoi choinne daltaí le go mbeidh siad i láthair ar scoil ag fáil oideachais agus tacaíochta le go mbainfidh siad lánacmhainneacht amach.

2.2 Is é a dhéanfas an straitéis:

- Creat a sholáthar a thabharfaidh le chéile agus a chuirfidh leis an obair atá sa tsiúl cheana le láithreacht ar scoil a fheabhsú.
- An treoir straitéiseach a bunú i dtaca le láithreacht ar scoil le gníomhartha na ndaoine sin atá freagrach as láithreacht ar scoil a bhainistiú a threorú.

2.3 Léiríonn taighde go bhfuil roinnt eochair-thréithe i gcoitinne ag na scoileanna sin is éifeachtaí ó thaobh chur chun cinn láithreacht daltaí ar scoil de:

- Tiomantas ag lucht ceannasaíochta maidir le tosaíocht a dhéanamh den láithreacht ar scoil;
- Luath-Idirghabháil éifeachtach;
- Tacaíocht iomchuí do dhaltaí; agus
- Comhoibriú agus rannpháirtíocht éifeachtach.

Ní mór, mar sin de, go gcuimseodh straitéis éifeachtach tinrimh na heilimintí seo ar fad mar aon le húsáid straitéisí atá sainoiriúnaithe ag scoileanna amhail tacaíocht bhreise nó coigeartuithe curaclaim dóibh sin atá ag streachailt ó thaobh láithreacht ar scoil de. Ní mór, mar bhonn agus mar thaca faoin chur chuige seo, go mbeadh comhroinnt an dea-chleachtais ann le go dtig le scoileanna bheith ag foghlaim óna chéile chun sochair a gcuid daltaí.

<sup>11</sup> IPSOS MORI Tionscadal Amstardam.

- 2.4 Tá táscairí na feidhmíochta éifeachtaí atá bainte le gach ceann de na croí-thréithe de bhainistiú rathúil na láithreachta ar scoil leagtha amach thíos:

Táscairí de Lucht Ceannasaíochta atá tiomanta maidir le tosaíocht a dhéanamh den láithreacht ar scoil
Tá tiomantas soiléir ann i measc lucht ceannasaíochta na scoile le láithreacht rialta ar scoil a chur chun cinn agus le tionchar na hasláithreachta a chur in iúl, gach uair a thig leo, do bhaill foirne, do dhaltaí agus do thuismitheoirí.
Tá polasaí tinrimh ag an scoil mar aon le spriocanna aonair dúshlánacha maidir le láithreacht ar scoil atá mar chuid den Phlean Forbairt Scoile agus a phléitear go rialta ag cruinnithe de chuid Bhord na nGobharnóirí.
Is toisc í an láithreacht ar scoil ar gá breithniú uirthi nuair a bhítear ag socrú pleananna forbairt scoile agus leithdháiltí acmhainní as buiséid scoile tharmligthe.
Tá ról ag gach duine sa scoil maidir le láithreacht ar scoil agus tá gach duine soiléir maidir lena ról féin agus ról na mball foirne sin a bhfuil ról shainiúla bhreise acu.
Bíonn ceannairí scoile réamhghníomhach maidir le réimse de straitéisí a chur i bhfeidhm le láithreacht ar scoil a fheabhsú amhail bearta tacaíochta breise don mhuintir sin a bhíonn ag streachailt ó thaobh láithreacht rialta ar scoil de lena n-áirítear coigeartuithe curaclaim nó pleananna pearsanta oideachais.

Táscairí de luath-idirghabháil éifeachtach
Déantar eolas clárúcháin a thairfeadh agus eascraíonn as anailís iomchuí thráthúil ar an eolas sin, sainaitheint patrúin tinrimh ar ábhar buartha iad.
Déantar sonraíocht tinrimh i dtaobh a gcuid páistí a roinnt ar bhonn rialta le thuismitheoirí.
Déantar teagmháil go pras le thuismitheoirí agus iarrtar ionchur orthu i gcás sárú pholasaí tinrimh na scoile agus/nó más údar imní láithreacht a bpáiste ar scoil.
Bíonn daltaí agus a dtuismitheoirí meabhrach ar, agus tuigeann siad, polasaí agus gnáthaimh na scoile maidir le láithreacht ar scoil.
Gníomhaíonn an scoil go pras le tacaíocht bhreise a lorg nuair a theipeann orthu láithreacht dalta ar scoil a fheabhsú go leor trí chur i bhfeidhm ghnáthaimh tinrimh na scoile.

Táscairí de thacaí éifeachtacha
Ba cheart do scoileanna acmhainní a leithdháileadh lena éascú do dhaoine a bhfuil eochair-róil acu tacaíocht a sholáthar le láithreach ar scoil a fheabhsú, más iomchuí.
Tá tacaíocht réamhghníomhach ar fáil agus tá a fhios ag scoileanna, daltaí agus tuismitheoirí gurb ann don tacaíocht agus an dóigh lena fáil.
Tig teacht go furasta ar threoir mhionsonraithe atá cothrom le dáta agus ar shamplaí den chleachtas is fearr i dtaca le bainistiú láithreach ar scoil agus tá gach scoil eolach ar, agus baineann feidhm as na háiseanna.
Tá acmhainní leorga ag seirbhísí tacaíochta le go dtig leo idirghabhálacha tráthúla iomchuí a sholáthar le láithreach ar scoil a fheabhsú.
Déanann seirbhísí tacaíochta anailís ghníomhach ar shonraíocht tinrimh scoile d'fhonn na scoileanna sin a shainaithint a bhfuil tacaíocht uile-scoile bhreise de dhíth orthu agus le gníomhú in am trátha le dul i ngleic le buartháí i dtaca le láithreach ar scoil.
Soláthraítear tacaíocht iomchuí do dhaltaí leochaileacha a bhíonn ag streachailt le láithreach rialta ar scoil lena n-áirítear iad a atreorú chuig réimse de sheirbhísí speisialtóra de réir mar is gá.
Baintear feidhm as an dlí, nuair is iomchuí, lena chinntiú go gcomhlíonann tuismitheoirí a gcuid dualgas dlíthiúil, mar atá, a chinntiú go bhfaigheann a bpáiste oideachas iomchuí.

## Táscairí de chomhoibriú/rannpháirtíocht éifeachtach

Tá dea-chaidreamh ann, rud a éascaíonn rannpháirtíocht agus cumarsáid idir an scoil, a cuid tuismitheoirí agus an mórfhobal ar a bhfreastalaíonn sí.

Baineann an scoil feidhm as a rannpháirtíocht i gcláir amhail Scoileanna Seirbhísí Breise nó Sure Start le caidreamh éifeachtach a thógáil le tuismitheoirí agus leis an phobal agus le tábhacht na láithreachta rialta ar scoil a chur chun cinn.

Bíonn an scoil ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla agus deonacha eile a mbíonn tionchar ag a gcuid oibre ar an oideachas, go háirithe lucht Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus, aon áit ar iomchuí, Grúpaí áitiúla Athnuachan Comharsanacht.

Tá dea-chaidreamh agus bealaí soiléire cumarsáide in áit idir an scoil agus an tÚO agus gníomhaireachtaí ar bith eile lena n-áirítear grúpaí óige, de réir mar is iomchuí, atá ábalta cuidiú a thabhairt le láithreacht ar scoil a fheabhsú.


Tá dea-chaidreamh ann a éascaíonn teagmháil idir an tÚO agus gníomhaireachtaí eile ar féidir iad a bheith ina gcuidiú le tacú le feabhsú láithreacht daltaí ar scoil, go háirithe Seirbhísí Sóisialta agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama.

Bíonn an Roinn ag comhoibriú le comhpháirtithe trasearnála agus tras-rannacha lena fhiosrú cén dóigh a dtig tábhacht na láithreachta ar scoil a chur chun cinn agus lena cinntiú go gcuirtear láithreacht rialta daltaí ar scoil san áireamh i réimsí ábhartha polasaí eile amhail Ráiteas Straitéiseach RSSSSP i leith Páistí a dTugtar Aire Dóibh.

Baineann an Roinn agus an tÚO feidhm as réimse de ghníomhaíochtaí agus d'ábhair bholscaireachta amhail an feachtas Éiríonn leis an Oideachas agus an ghearrthóg scannáin Lá Cailte, Deis Chaillte le tábhacht na láithreachta ar scoil agus na rannpháirtíochta tuismitheora a chur in iúl ar bhonn forleathan.

2.5 Glacann na scoileanna sin is fearr a n-éiríonn leo láithreachta ar scoil a bhainistiú cur chuige iomlánaíoch i leith fheabhsú na láithreachta ar scoil agus déanann machnamh ar na comhpháirteanna uilig laistigh de mhíreanna mearaí na láithreachta.

### Míreanna Mearaí na Láithreachta ar Scoil



### 3. Ceannasaíocht

- 3.1 "Cinneann príomhoidí scoile leibhéal na tosaíochta a thugtar do láithreachta ar scoil."<sup>12</sup> Sna scoileanna sin a n-éiríonn leo láithreachta daltaí ar scoil a bhainistiú, is príomhoidí atá tiomanta maidir le láithreachta ar scoil a chur chun cinn agus tosaíocht a dhéanamh di ina scoil féin atá i gceannas. Beidh spriocanna láithreachta leagtha síos ina bplean forbairt scoile ag na scoileanna sin a dhéanann bainistiú éifeachtach ar láithreachta ar scoil agus déanfaidh Bord na nGobharnóirí plé rialta ar na spriocanna seo.
- 3.2 Déanfaidh BG scoile an príomhoide a shíneadh ó thaobh láithreachta daltaí ar scoil de agus tabharfaidh treoir agus tacaíocht dó/di, agus déanfaidh an príomhoide, dá réir, an tiomantas maidir le spriocanna láithreachta a chomhlíonadh a chur in iúl don fhoireann, do thuismitheoirí agus do dhaltáí.
- 3.3 Fágann tiomantas lucht ceannasaíochta na scoile go dtig éiteas agus cultúr scoile a chruthú mar a mbíonn meas ar an tábhacht atá le láithreachta ar scoil agus ar an bhaint atá aici le gnóthachtáil. Ní mór baill foirne a bheith soiléir maidir lena mbítear ag dúil leis uathu agus ba cheart gach aon deis a thapú le tábhacht na láithreachta ar scoil a chur ina luí ar dhaltáí agus ar thuismitheoirí.
- 3.4 Beidh ceannairí réamhghníomhach agus iad ag cur i bhfeidhm straitéisí iomchuí le dul i ngleic le fadhbanna láithreachta. Cuirfear é seo in oiriúint do chúinsí na scoile ach d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé tacaíocht bhreise dóibh sin atá ag streachailt le láithreachta rialta amhail coigeartuithe agus sainoiriúnú curaclaim, pleananna pearsanta oideachais nó clubanna obair baile.

#### Ceannasaíocht – ár sprioc

Cuidiú le ceannairí scoile tosaíocht a dhéanamh d'fheabhsú na láithreachta ar scoil.

Le tacú leis an sprioc seo:

- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO lena chinntiú go gcuirtear spriocanna láithreachta san áireamh i ngach plean forbairt scoile.
- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO d'fhonn treoir shoiléir atá cothrom le dáta a sholáthar do cheannairí scoile mar aon le háiseanna dea-chleachtais i dtaca le feabhsú na láithreachta ar scoil.
- ✓ Cinnteoidh muid go ndéantar tábhacht na láithreachta ar scoil agus an dóigh le bainistiú éifeachtach a dhéanamh uirthi a chuimsiú san fhorbairt ceannasaíochta a sholáthraíonn an tÚO do cheannairí agus do ghobharnóirí scoile.

<sup>12</sup> Tuairisc NIAO – Láithreachta Daltaí ar scoil a Fheabhsú: Tuairisc Leantach (Feabhra 2014).



## 4. Luath-Idirghabháil

- 4.1 Tá an Luath-Idirghabháil ina huirlis éigeantach le drochláithreachta ar scoil a sheachaint. Éiríonn sé iontach doiligh patrúin asláithreachta, a fhorbraítear sna luathbhlianta, a chur ina gceart san iar-bhunscoil. "Is minic na páistí seo ag teacht as teaghlaigh nach n-aithníonn luach an oideachais agus inar mhinic na tuismitheoirí féin as láthair ón scoil. Is ann fosta do phatrún d'asláithreachta mhéadaithe de réir mar a théann daltaí chun cinn tríd an iar-bhunscoil."<sup>13</sup>
- 4.2 Bíonn ar scoileanna taifead a dhéanamh de, agus monatóireacht a dhéanamh ar, láithreachta daltaí ar scoil agus meicníochtaí iomchuí a bheith i bhfeidhm le dul i ngleic le fadhbanna láithreachta. Té sé éigeantach go mbeifí in ann ionramháil agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar shonraíocht le hidirghabhálacha éifeachtacha a chur i bhfeidhm sula dtéann patrún asláithreachta in olcas. Is ionann na scoileanna sin a n-éiríonn leo dul i ngleic le leibhéal ísle láithreachta agus scoileanna a ghníomhaíonn i gcomhréir le polasaithe tinrimh scoile agus a thugann ról do thuismitheoirí chomh luath is a shaináithnítear aon údar imní. Déanfar anailís ar phatrúin asláithreachta le comharthaí luatha ar bith a bhféadfadh sé gur cúis imní iad a shaináithint.
- 4.3 Ba cheart go mbeadh baill foirne soiléir maidir lena ról agus a bhfreagrachtaí féin agus ról agus freagrachtaí daoine eile sa scoil ó thaobh láithreachta daltaí ar scoil de. Caitheann go leor de na scoileanna s'againn dua mór le bainistiú láithreachta ar scoil. Déanfaidh na scoileanna machnamh ar an dóigh is fearr lena gcur chuige le dul i ngleic le drochleibhéal láithreachta a shainoiriúnú, de réir na gcúinsí sainiúla atá i réim, in éineacht le tacaíocht ón EWS. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar scoileanna/EWS, i roinnt cásanna, dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí nó le tríú páirtithe eile le plé go héifeachtach leis na bunfhadhbanna.

<sup>13</sup> [www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment\\_data/file/180772/DFE-00036-2012\\_improving\\_attendance\\_at\\_school.pdf](http://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/180772/DFE-00036-2012_improving_attendance_at_school.pdf)

## Luath-idirghabháil – ár sprioc

Cuidiú le scoileanna bheith réamhghníomhach agus ábhair fhéideartha inní maidir le láithreacht dalta ar scoil a shainathint go pras agus tacú leo gníomhú de réir mar is cuí.

Le tacú leis an sprioc seo:

- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO d'fhonn treoir shoiléir atá cothrom le dáta a sholáthar do cheannairí scoile i dtaca le luath-idirghabháil d'fhonn an láithreacht ar scoil a fheabhsú.
- ✓ Cinnteoidh muid go leanfar den chigireacht ar láithreacht ar scoil mar chuid de gach cigireacht agus go ngníomhaíonn scoileanna le laigí ar bith a leigheas i ndiaidh d'ETI aon fhadhbanna láithreachta a shainathint.
- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO lena chinntiú go ndéantar tábhacht agus luach na láithreachta ar scoil a chur in iúl agus go mbíonn rannpháirtíocht ghníomhach rialta ann idir scoileanna, tuismitheoirí agus daoine óga.

## 5. Tacaíocht Éifeachtach

- 5.1 Tá an iomad fáthanna ann a mbíonn daltaí ag streachailt le láithreacht ar scoil lena n-áirítear tinneas, fadhbanna teaghlaigh, agus tromáíocht. Déanann scoileanna monatóireacht ar láithreacht ar scoil le buarthaí féideartha ar bith a shainnithint ag céim luath. Nuair a shainnithnítear údar buartha, déanfaidh an scoil teagmháil le tuismitheoirí le cúnamh a iarraidh orthu. D'éirigh le cuid de na scoileanna s'againn láithreacht ar scoil a fheabhsú trí acmhainní a leithdháileadh le tacaíocht shaincheaptha a sholáthar do dhaltaí a bhíonn ag streachailt ó thaobh rannpháirtíocht san oideachas de agus dá dteaghlach. Bíonn cásanna ann, áfach, ina leanfaidh an dalta de bheith ag streachailt le láithreacht ar scoil, in ainneoin an scoil réimse de straitéisí idirghabhála a úsáid le tacú leis nó léi.
- 5.2 Nuair nach n-éiríonn le scoileanna fadhb láithreachta a réiteach agus nuair atá an scoil buartha nó má thiteann an leibhéal láithreachta faoi 85%, ba cheart dóibh tacaíocht a iarraidh ar an ÚO. Tá Seirbhís Leasa Oideachais (EWS) thiomnaithe ag an ÚO a chuidíonn le páistí óga scoilaoise agus lena dteaghlach uastairbhe a bhaint as an chóras oideachais. Is é is aidhm aici cultúr a chur chun cinn ina mbeidh láithreacht rialta ar scoil i réim.
- 5.3 Tá comhaontuithe leibhéal seirbhíse ag an EWS le gach scoil agus tá Oifigeach Leasa Oideachais (EWO) tiomnaithe ag gach scoil. Bíonn EWOnna ag obair go réamhghníomhach le scoileanna le feacht ar cheisteanna láithreachta a mhúscailt trí straitéisí comhaontaithe a úsáid, mar shampla; an clár Primary Attendance Matters, tionóil uile-scoile, seisiúin eolais do thuismitheoirí/baill foirne teagaisc maidir le ról EWS. Déanann EWS iniúchadh tinrimh gach téarma, rud a phléann siad le foireann na scoile.
- 5.4 Tá cuntas sa straitéis seo ar chur chuige uilíoch i leith tacú le láithreacht scoile daltaí. Baineann sé le gach scoil agus gach dalta; is amhlaidh, áfach, go bhfuil grúpaí ar leith de pháistí agus daoine óga leochaileacha ann a bhféadfadh sé go mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth orthu. D'fhéadfadh sé gur trí sheirbhísí tacaíochta an UO a sholáthrófaí an tacaíocht bhreise seo nó go soláthródh na scoileanna féin í. Cuireann an Roinn maoiniú breise tarmlichte ar fáil do scoileanna tríd an Scéim Cómhainithe (CFS) do gach dalta a bhaineann le sainghrúpa leochaileach. (Féach Tábla 3 thíos.) Is minic is dóchúla fadhbanna láithreachta a bheith ag daltaí de chuid na ngrúpaí seo. Is faoi scoileanna atá sé a dtosaíochtaí caiteachais a leagan síos, as iomlán an mhaoinithe a fhaigheann siad. Tá tugtha le tuiscint ag roinnt scoileanna gur féidir, trí Oifigeach Teagmhála Baile/Scoile a fhostú, tionchar dearfach a imirt ar fheabhsú na láithreachta agus go dtig tabhairt faoi bhunchúiseanna na hasláithreachta, sa ghearrthréimhse nó san fhadtréimhse.

Tábla 3 Tacaíocht Bhreise

Grúpa	Tacaíocht
Daltaí a fhaigheann béilí saora scoile	Faigheann scoileanna sciar breise maoinithe faoi choinne gach páiste tríd an CFS.
Páistí den Lucht Siúil	Faigheann scoileanna sciar breise maoinithe faoi choinne gach páiste ar den Lucht Siúil é/i tríd an CFS.  Maoiníonn an Roinn fosta an tSeirbhís Réigiúnach Tacaíocht Oideachais Taistealaithe (TESS) de chuid an ÚO le tacú le scoileanna ar a bhfuil páistí agus daoine óga ar den lucht siúil iad agus lena dteaghlach. Soláthraíonn TESS comhairle agus treoir shainiúil maidir le cúrsaí tinrimh agus aistrithe do Thaistealaithe agus is réimse tosaíochta sainiúil í an láithreach ar scoil ina plean seachadta..
Páistí Roma	Faigheann scoileanna maoiniú breise ón Roinn tríd an CFS.
Páistí a dtugtar Aire Dóibh	Faigheann scoileanna maoiniú breise ón CFS.  Maoiníonn an Roinn an tÚO le tacaíocht a chur ar fáil do Pháistí a dtugtar Aire Dóibh laistigh de scoileanna le cuidiú leo lánacmhainneacht a bhaint amach.
Daltaí Nuathagtha <sup>14</sup>	Faigheann scoileanna sciar breise maoinithe faoi choinne gach páiste a gcuirtear síos dó/di gur páiste Nuathagtha é/i tríd an CFS.  Maoiníonn an Roinn an tSeirbhís Réigiúnach Cuimsitheachta agus ilchineálachta (IDS) de chuid an ÚO atá ann le tacaíocht do pháistí agus daoine óga nuathagtha agus dá dtuismitheoirí a neartú agus a fheabhsú, go príomha, trí bheith ag obair trí scoileanna.
Máithreacha Scoilaoise	Maoiníonn an Roinn clár Máithreacha Scoilaoise (SAM) an ÚO. Cuirtear ar fáil, tríd an chlár seo, tacaíocht airgeadais faoi choinne cúram páistí agus faoi choinne iompair dóibh sin a bhfuil sí de dhíth orthu. D'fhéadfadh sé fosta go gcuirfí teagasc sa bhaile ar fáil ar feadh tréimhsí gairide ama más gá.

<sup>14</sup> Is tagairt é "dalta Nuathagtha" do pháiste nó duine óg atá rollaithe i scoil ach nach bhfuil scoileanna teanga leorga aige/aici le bheith rannpháirteach go hiomlán i gcuraclam na scoile agus nach bhfuil teanga choiteann aige/aici féin agus ag an mhúinteoir.

- 5.5 Ón rannpháirtíocht s'againn le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daltaí agus múinteoirí, tá sé soiléir gur féidir dúshlán sláinte agus folláine mhothúchánach mar aon le fadhbanna a bhfuil baint acu leis an tromaíocht, tionchar diúltach a imirt ar láithreach ar scoil. Tá réimse de pholasaithe agus d'idirghabhálacha i bhfeidhm le tacú le páistí agus daoine óga a bhféadfadh sé iad a bheith ag streachailt leis na fadhbanna seo.
- 5.6 Ní mór do gach scoil polasaithe tréadchúraim a bheith i bhfeidhm aici. Ní mór go gcuimseodh na polasaithe tréadchúraim:
- Gnáthaimh shoiléire le leanúint, sa chás go gcuirfí mí-úsáid fhéideartha ar a súile don scoil, mar a n-úsáidfí, más iomchuí, treoir agus gnáthaimh Riachtanais Páistí i dTuaisceart Éireann a Thuiscint (UNOCINI).
  - Polasaí Cosaint Páistí ar leith.
  - Polasaí Cur Chun Cinn Iompar Dearfach ina n-áirítear cuir chuige dhearfacha i leith araíonacht mhaith agus frithbhulaíochta.
  - Cód Iompair faoi choinne baill foirne, idir theagasc agus neamhtheagaisc, ina soláthraítear treoir maidir le teagmháil le daltaí.
  - Polasaithe agus gnáthaimh shoiléire maidir le grinnfhiosrú baill foirne, oibríthe deonacha, cóitseálaithe spóirt srl. lena gcuirtear san áireamh ciorcláin nua-shonraithe ón Roinn.
- 5.7 Áirítear ar na croí-eilimintí de sholáthar tréadchúraim scoile, daltaí a fheistiú le go mbeidh siad in ann déileáil le dúshlán phearsanta trí shnáithe forbairt phearsanta an churaclaim a theagasc; trí chórais a bheith i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus folláine acadúil agus shóisialta daltaí; agus trína chinntiú go mbíonn réimse de thacaí ar fáil laistigh den scoil do na daltaí sin a bhfuil deacrachtaí acu.
- 5.8 Faoi chlár iMatter na Roinne a thacaíonn le sláinte agus folláine mhothúchánach daltaí, cuirtear ábhair ar fáil do scoileanna a phléann le topaicí ar féidir iad a bheith ina ndúshlán ag páistí agus daoine óga sa lá atá inniu ann. Cuimsíonn siad seo bileoga, póstaer agus ionsáiteáin dialainne agus clúdaítear réimse de thopaicí amhail Piarbhrú, Sláinte Mheabhrach, Alcól, Drugaí agus Tuaslagóirí, agus Íomhá Choirp.
- 5.9 Tá an tSeirbhís Neamhspleách Chomhairleoireachta do Scoileanna (ICSS) ar fáil i ngach iar-bhunscoil agus scoil speisialta ina bhfuil cohórt iar-bhunscolaíochta. Tá an tseirbhís chomhairleoireachta neamhspleách ar an scoil, freagraíonn sí go rúnda do riachtanais daltaí agus feidhmíonn sí mar bhunchuid de sholáthar tréadchúraim na scoile.

- 5.10 Tá dualgas dlíthiúil ar gach scoil polasaí iompraíocht dhearfach a bheith aici ar cheart cuntas a bheith ann ar an chineál iompraíochta a mbítear ag dúil léi ó dhaltaí cláraithe agus ar na pionóis a ghearrfar i gcás sárú araíonachta. Ar a bharr sin, tá dualgas dlíthiúil eile ann lena dtagann riachtanas ar leith le go mbeidh san áireamh sa pholasaí iompraíocht dhearfach bearta le gach cineál tromaíochta i measc daltaí a chosc. Ní mór do gach scoil cóip dá polasaí iompraíocht dhearfach a sholáthar do thuismitheoirí agus daltaí na scoile.
- 5.11 Maoinítear Fóram Frithbhulaíochta TÉ le feacht a mhúscailt ar an ghá atá le dul i ngleic go héifeachtach leis an tromaíocht agus le háiseanna cleachtas is fearr a chur ar fáil maidir leis na dóigheanna a dtig le scoileanna freagairt go héifeachtach don fhadhb seo. Tugann an Fóram seo comhairle agus treoraíonn daoine chuig eagrais ar leith atá ábalta cuidiú a sholáthar le dul i ngleic le fadhbanna ar leith amhail tromaíocht homafóbach nó ciníoch nó tromaíocht a bhfuil baint ag an chreideamh léi.
- 5.12 Tá reachtaíocht á tabhairt chun tosaigh sa Chomhthionól i láthair na huaire atá dírithe ar dhul i ngleic leis an tromaíocht inár scoileanna trí:
- a. Sainmhíniú coiteann ar an tromaíocht a sholáthar;
  - b. Riachtanas a thabhairt isteach le go mbeidh ar gach scoil dheontaschúnta gach teagmhas tromaíochta a thaifeadh go lárnach, an chúis a bhí taobh thiar de mar aon leis na gníomhartha a rinneadh le tabhairt faoi gach teagmhas; agus
  - c. Ceangal a chur ar gach BG ról gníomhach a bheith acu i bhforbairt, i monatóireacht agus in athbhreithniú ar éifeachtacht an pholasaí agus na ngnáthamh frithbhulaíochta s'acu.
- Má dhéantar dlí den Bhille Tabhairt Faoin Tromaíocht i Scoileanna, tacófar leis trí threoir do scoileanna, daltaí agus thuismitheoirí.

## Tacaíocht éifeachtach leis an láithreacht ar scoil a fheabhsú – ár sprioc

A chinntiú go dtig le scoileanna, daltaí agus a dteaghlach teacht ar thacaíocht ardchaighdeán éifeachtach.

Le tacú leis an sprioc seo:

- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO le treoir shoiléir atá cothrom le dáta a sholáthar do scoileanna maidir le tacaíocht éifeachtach do dhaltai a bhfuil drochleibhéil láithreachta acu agus an gá atá le gach cás ar údar imní é a chur faoi bhráid EWS.
- ✓ Déanfaidh muid monatóireacht ar thionchar na tacaíochta tráthúla éifeachtaí a sholáthraíonn an tÚO do scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí le tabhairt faoi bhuarthaí i dtaca le láithreacht ar scoil.
- ✓ Cuirfidh muid ar fáil tacaíocht bhreise do scoileanna faoi choinne réimse de ghrúpaí leochaileacha le bearta breise a éascú is féidir a chur i bhfeidhm le dul i ngleic le bacainní roimh an fhoghlaim lena n-áirítear drochláithreacht ar scoil.
- ✓ Soláthróidh muid comhairle, treoir agus tacaíocht do scoileanna maidir le socruithe éifeachtacha tréadchúraim.
- ✓ Déanfaidh muid áiseanna nuashonraithe a roinnt le scoileanna maidir le ceisteanna a bhféadfadh sé tionchar a bheith acu ar shláinte agus folláine mhothúcháinach.
- ✓ Soláthróidh muid treoir agus áiseanna maidir le cuir chuige dea-chleachtas do mhúinteoirí agus do BG le cuidiú leo a gcuid dualgas a chomhlíonadh faoi reachtaíocht nua ar bith a bheadh dírithe ar dhul i ngleic leis an tromaíocht i scoileanna.
- ✓ Cuirfidh muid ar fáil treoir ar leith do thuismitheoirí agus do dhaoine óga maidir le dul i ngleic leis an tromaíocht i scoileanna..

## 6. Comhoibriú agus Rannpháirtíocht

### Rannpháirtíocht tuismitheora

- 6.1 Tá sé rithábhachtach go mbíonn tuismitheoirí rannpháirteach i rith an ama in oideachas a bpáiste le spreagadh agus tacaíocht a sholáthar ó aois óg agus le meon dearfach i leith láithreachta ar scoil a chothú. Beidh cumarsáid le tuismitheoirí ina heilimint thábhachtach de pholasaí agus de ghnáthaimh tinrimh gach scoile. Ba choir go gcuireann scoileanna a gcuid ionchas in iúl do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar bhonn rialta agus cuireann faisnéis tinrimh ar fáil do thuismitheoirí ar bhonn rialta. Má thagann ann d'aon údar imní maidir le láithreachta dalta ar scoil, rachaidh an scoil i dteagmháil leis an tuismitheoir leis an cheist a phlé agus iarrfar cuidiú ar an tuismitheoir leis an fhadhb a réiteach.
- 6.2 D'fhéadfadh sé fosta go mbeadh scoileanna i dteagmháil le tuismitheoirí trí thionscnaimh amhail Clár na Scoileanna Seirbhísí Breise. Mar aitheantas ar an ról rithábhachtach atá ag tuismitheoirí maidir le foghlaim a gcuid páistí, tá snáithe maoinithe ar leith saindirithe ar thuismitheoirí a dhéanamh rannpháirteach i saol na scoile. Cuireann na hacmhainní seo ar chumas scoileanna cur chuige comhordaithe a sheachadadh i leith cláir agus gníomhaíochtaí tuismitheoireachta a sholáthar a chuidíonn le tuismitheoirí/cúramóirí tacú lena bpáistí sa bhaile, rud a chuimsíonn bheith ag plé le réimse de cheisteanna sóisialta, mothúchána agus iompraíochta a bhféadfadh sé tionchar díobhálach a bheith acu ar láithreachta ar scoil, agus ar fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Tá Clár na Scoileanna Seirbhísí Breise ar fáil do scoileanna atá ag freastal ar cheantair díothacht shóisialta agus sainithníodh i dtaighde McClure Watters<sup>15</sup> torthaí dearfacha ar mhaoiniú Scoileanna Seirbhísí Breise maidir le réimse de cheisteanna, lena n-áirítear láithreachta ar scoil.
- 6.3 Soláthraíonn Sure Start réimse de sheirbhísí tacaíochta do thuismitheoirí agus do pháistí faoi bhun ceithre bliana d'aois, a chónaíonn i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta ar fud Thuaisceart Éireann. Is é an fócas atá acu bheith ag tacú le tuismitheoirí ón toircheas i leith agus an tacaíocht is fearr a thabhairt do pháistí sa tsaol agus iad a ullmhú faoi choinne na réamhscoile. Is é is aidhm leis an chlár forbairt shóisialta agus mhothúchána an pháiste a bhreisiú, tógáil ar a scileanna cumarsáide agus teanga, agus an tsamhlaíocht a spreagadh tríd an tsúgradh. Spreagann Sure Start rannpháirtíocht tuismitheora fosta mar go mbíonn eochair-ról ag tuismitheoirí maidir le páistí a spreagadh agus bheith ag cuidiú leo le go n-éireoidh leo ar scoil agus sa tsaol. Léiríonn staitisticí, i gcás páistí a fhreastalaíonn ar chlár oideachasúla luath sa tsaol, gur dóchála go mbeidh rátaí láithreachta níos airde acu agus iad ar scoil.
- 6.4 Ar ról tábhachtach atá ag an tSeirbhís Óige, tá tionchair dhearfacha ar na daoine óga sin atá ag streachailt maidir le bheith ag freastal ar scoil ar bhonn rialta, a chur chun cinn. Aithníonn go leor scoileanna go mbíonn na scileanna agus an t-eolas cúlra ag oibríthe óige le dul i gcion ar go leor daoine óga nach gcloíonn leis na noirm a mbítear ag dúil leo nó nach bhfuil ábalta

<sup>15</sup> Taighde ar fheabhsú na láithreachta i Scoileanna a Fhreastalaíonn ar Cheantair atá faoi Dhíothacht – RSM McClure Watters 2012.



cloí leis na noirm. Tig leis an tSeirbhís Óige dul i dteagmháil le daoine óga i suíomhanna neamhfhoirmeálta, agus, ar na buanna ar leith atá acu, is féidir go n-éireodh leo daoine óga atá i mbaol a mhealladh ar ais agus go gcuideodh siad leis na daoine óga sin iarracht a dhéanamh lánacmhainneacht a bhaint amach.

### Comhoibriú straitéiseach/leibhéal córais

- 6.5 Ag leibhéal straitéiseach/córais, tig le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí bheith ag obair le chéile le tábhacht na láithreachta rialta ar scoil a chur chun cinn, ionas go mbeidh teachtaireacht chomhsheasmhach ann i dtaca le láithreachta ar scoil le tuiscint agus le comhroinnt, nuair a tharlaíonn teagmháil idir daoine (tuismitheoirí/cúramóirí agus daltaí) agus seirbhísí amháil seirbhísí sláinte, dlí is cirt, rialtas áitiúil nó cúram sóisialta. Is féidir an comhoibriú trasearnála seo a bheith ina chuidiú againn fosta maidir le bheith ag dul i gcion ar phobail áitiúla lena chinntiú go dtuigtear a thábhachtaí atá an t-oideachas agus freastal rialta ar scoil agus go gcuirtear an teachtaireacht seo chun cinn laistigh de na pobail seo.
- 6.6 Tagann buntáistí suntasacha leis an phobal ag úsáid eastát na scoileanna le freastal ar riachtanais daltaí, a dtuismitheoirí agus a dteaghlaigh agus an mhórphobail. Áirítear ar na buntáistí sin, meon dearfach i leith na foghlama a fhorbairt, rud a chuireann leis an spreagadh le freastal ar scoil. Ar a bharr sin, as siocair na comhairlí áitiúla nua a bheith ag treorú an phróisis pleanála pobail, beidh deis ann don earnáil oideachais a bheith ina comhpháirtí, ag obair in éineacht le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile le fíis a fhorbairt faoi choinne ceantair áitiúla "ag obair le chéile le seirbhísí níos fearr a phleanáil agus a sheachadadh le difear a dhéanamh i saol daoine."<sup>16</sup>

### Comhoibriú le cuidiú le daltaí

- 6.7 Ag leibhéal an dalta aonair, tá an comhoibriú idir seirbhísí éigeantach, go háirithe nuair a d'fhéadfadh sé go mbeadh cúiseanna an drochleibhéil láithreachta ag eascairt as ceisteanna casta a bheadh le sárú ag teaghlach. Is minic a bhíonn ar scoileanna agus ar an EWS comhoibriú a dhéanamh le daoine eile, oibríthe cúram sóisialta go háirithe, nuair a bhíonn siad ag plé le daltaí a bhíonn ag streachailt maidir le láithreachta ar scoil. "D'fhéadfadh sé go mbeadh réimse de chúiseanna casta ann le dalta a bheith as láthair ón scoil. D'fhéadfadh sé go mbeadh san áireamh anseo fadhbanna pearsanta nó teaghlaigh. Cé go dtiocfadh leis an scoil gníomhú agus tacaíocht a thairiscint don dalta, is amhlaidh, mura dtugtar faoi na fadhbanna teaghlaigh, gurb ionann is cinnte go dtiocfadh na drochphatrúin láithreachta ar ais."<sup>17</sup>
- 6.8 Leanfaidh an Roinn agus an tÚO de bheith ag cur le, agus ag síneadh na ngrúpaí tras-Rannacha/ Gníomhaireachta atá ann cheana lena chinntiú go mbíonn páirtithe leasmhara eile meabhrach ar thionchar na hasláithreachta agus go dtugtar faoi bhearta comhordaithe atá dírithe ar an pháiste/duine óg.

<sup>16</sup> Local Government Reform Guidance to Councils: Community Planning Foundation Programme, an Roinn Comhshaoil, Deireadh Fómhair 2013.

<sup>17</sup> Tuairisc NIAO – Láithreachta Daltaí ar scoil a Fheabhsú: Tuairisc Leantach, 2014.

## Comhoibriú agus Rannpháirtíocht – ár sprioc

Cothú caidrimh láidre agus oibriú comhtháite a spreagadh idir scoileanna, tuismitheoirí an tÚO, an Roinn agus soláthóirí seirbhíse agus tríú páirtithe eile ar féidir tionchar dearfach a bheith acu ar fheabhsú na láithreachta ar scoil.

Le tacú leis an sprioc seo:

- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO d'fhonn treoir shoiléir atá cothrom le dáta a sholáthar le rannpháirtíocht, cumarsáid rialta agus soláthar faisnéis tinrimh do thuismitheoirí a spreagadh.
- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO agus le scoileanna le caidrimh a chothú agus a neartú le forais rialtais, pobail agus óige a bheas ábalta cuidiú a thabhairt maidir le láithreacht ar scoil a chur chun cinn.
- ✓ Leanfaidh muid, in éineacht leis an ÚO, de bheith ag cur chun cinn luach na láithreachta ar scoil trí éagsúlacht de mheáin.
- ✓ Déanfaidh muid deiseanna a fhiosrú agus a shíneadh lena chinntiú go gcuireann tionscnaimh rialtais agus Feidhmeannais, lena n-áirítear clár na scoileanna seirbhísi breise, béim ar luach na láithreachta ar scoil.
- ✓ Déanfaidh muid deiseanna a fhiosrú agus a shíneadh lena chinntiú go mbíonn polasaithe, straitéisí agus comhlíonadh dualgais reachtúla na ranna rialtais eile ag tacú le, agus ag cur chun cinn, na láithreachta ar scoil, aon áit ar iomchuí.

## 7. Comhroinnt an Dea-Chleachtais

- 7.1 Bíonn na ceithre chroí-eilimint, mar atá, tiomantas lucht ceannais, luath-idirghabháil, tacaíocht éifeachtach agus comhoibriú agus rannpháirtíocht, inbhraite sna scoileanna sin is éifeachtaí maidir le láithreachtaí daltaí ar scoil a fheabhsú trí churaclam iomchuí agus teagasc éifeachtach a sholáthar. Aibhsíodh arís agus arís eile leis an taighde a rinne muid ar fheabhsú na láithreachta ar scoil an gá atá le cur chuige struchtúrtha straitéiseach a fhorbairt i leith scaipeadh an dea-chleachtais ar feadh na hearnála scoile.
- 7.2 Tá go leor ag tarlú cheana ó thaobh dea-chleachtais de ag leibhéal scoile agus eile, maidir le láithreachtaí daltaí ar scoil a fheabhsú. Bíonn go leor scoileanna nuálaíoch agus iad tiomanta do chur i bhfeidhm polasaithe tinrimh le dul i ngleic leis an asláithreachta agus le caighdeán a ardú. Is ionann na cuir chuige nuálaíocha seo agus rud ar bith ó luaíocht agus aitheantas as sár-rátaí láithreachta go dtí gnáthaimh lena shainnithint agus le tacaíocht a sholáthar chomh luath is a aithnítear go bhfuil féidearthacht ann go ndéanfaí patrún bunaithe de dhrochráta láithreachta.
- 7.3 Eisíonn an Roinn treoir do scoileanna ina n-aibhsítear teicnící praiticiúla le láithreachtaí daltaí ar scoil a fheabhsú, amhail an gá atá le polasaí tinrimh, cumarsáid shoiléir le tuismitheoirí agus monatóireacht ar fhadhbanna láithreachta ar luath-tháscaire iad go bhfuil údar imní ann. Tá sé tábhachtach go mbeadh scoileanna ag foghlaim ó bhuanna agus teipeanna a chéile. Tá an Roinn i ndiaidh a iarraidh ar an ETI, mar sin de, foilseachán dea-chleachtais a chur le chéile ina dtarraingeofar le chéile samplaí praiticiúla de straitéisí éifeachtacha ar éirigh leo inár scoileanna láithreachtaí daltaí ar scoil a fheabhsú.<sup>18</sup> Cuirfidh an treoir seo ar chumas scoileanna tarraingt ar shaineolas daoine eile a bhfuil fadhbanna comhchosúla le sárú acu agus idirghabhálacha ar éirigh leo i suíomhanna eile a thabhairt isteach.
- 7.4 Beidh an Roinn ag comhoibriú leis an ÚO le teacht ar mheicníochtaí eile d'fhonn an cleachtas is fearr a chomhroinnt agus le teacht ar áiseanna maidir le feabhsú na láithreachta ar scoil. Agus iad ag tógáil ar na modheolaíochtaí ratha, amhail ESAGs TV, ar ardán éifeachtach é le dea-chleachtas a scaipeadh, féachfaidh an tÚO fosta le stór lárnach amháin a fhorbairt mar a mbeidh baill foirne oideachais ábalta teacht ar áiseanna ar líne le feabhsú láithreachtaí daltaí ar scoil a chur chun cinn.
- 7.5 Níl hann d'aon chur chuige amháin a dtig le gach scoil glacadh leis agus dá mhéad an dúshlán sa scoil, is amhlaidh is mó an gá atá le bheith solúbtha ó thaobh cur chuige de agus bheith ag foghlaim ó scoileanna eile a raibh fadhbanna comhchosúla le sárú acu.

<sup>18</sup> Foilseachán ullmhaithe ag an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna le heisiúint in 2016.

## Comhroinnt an dea-chleachtas – ár sprioc

Tacaíonn ár gcuid straitéisí agus polasaithe le comhroinnt an dea-chleachtas.

Le tacú leis an sprioc seo:

- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO agus le ETI le dea-chleachtas sa chóras oideachais s'againn maidir le feabhsú na láithreachta ar scoil a shainnithint agus a chomhroinnt.
- ✓ Foilseoidh muid treoir atá cothrom le dáta maidir le taifeadadh láithreachta agus asláithreachta scoile lena n-áireofar samplaí de dea-chleachtas cruthanta.
- ✓ Beidh muid ag comhoibriú leis an ÚO le gach modh atá ar fáil a úsáid le dea-chleachtas a scaipeadh go héifeachtach agus le scoileanna a spreagadh le bheith ag foghlaim óna chéile.

## 8. Róil agus freagrachtaí

8.1 Saináithníodh i míreanna eile den cháipéis roimhe seo na heochair-réimsí ar gá tabhairt fúthu le láithreacht rialta ar scoil a chur chun cinn. Agus an creat straitéiseach seo le láithreacht ar scoil á leagan síos againn; tá sé úsáideach chomh maith cuntas a thabhairt ar róil agus ar fhreagrachtaí daltaí, tuismitheoirí, scoileanna, an ÚO agus na Roinne; agus a shainaithint cén dóigh a dtig le gach grúpa acu cur le huasmhéadú a dhéanamh ar an ráta tinrimh faoi choinne daltaí le go mbeidh siad i láthair ar scoil ag fáil oideachais agus tacaíochta le go mbainfidh siad lánacmhainneacht amach.

### Daltaí

8.2 Ba cheart go mbeadh daltaí meabhrach ar an mhéid a mbeifear ag dúil leis uathu maidir le bheith ag freastal ar scoil. Ba cheart go gcoinneodh foireann na scoile daltaí ar an eolas maidir lena bhfuil le déanamh acu má bhíonn siad as láthair ón scoil agus ba cheart do dhaltaí gach deis a thapú le rud ar bith nach bhfuil siad cinnte faoi dtaobh de a shoiléiriú. Éireoidh leibhéal na freagrachta níos mó de réir mar a théann daoine óga chun cinn ó oideachas bunscolaíochta go hoideachas iar-bhunscolaíochta.

Daltaí	
Ba cheart do dhaltaí:	
✓	Eolas a bheith acu ar, agus cloí le, rialacha na scoile maidir le láithreacht ar scoil agus poncúlacht.
✓	A thuiscint, nó a fhiafraí de mhúinteoir nó de thuismitheoir, cén fáth arb ionann lá scoile a chailleadh agus deis a chailleadh.
✓	Labhairt lena múinteoir(i) agus lena dtuismitheoirí faoi rud ar bith atá ag cur as dá láithreacht agus dá ngnóthachtáil ar scoil, lena n-áirítear aon teagmhas tromaíochta a thuirisciú.

## Tuismitheoirí

- 8.3 Tá dualgas dlíthiúil ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfaigheann gach páiste atá in aois éigeantach scoile oideachas lánaimseartha trí bheith ag freastal go rialta ar scoil nó trí mhodh eile. Má chláraíonn tuismitheoir a p(h)áiste ar scoil, tá dualgas dlíthiúil ar an tuismitheoir a chinntiú go ndéanann an páiste freastal rialta ar an scoil. Is féidir tionchar a bheith ag tacaíocht dhearfach ó thuismitheoirí ar láithreachta rialta a bpáiste ar scoil.

### Tuismitheoirí

Ba cheart do thuismitheoirí:

- ✓ Bheith meabhrach ar a ndualgais dhlíthiúla maidir le láithreachta rialta phoncúil a bpáiste ar scoil a chinntiú.
- ✓ Cloí le Polasaí Tinrimh Daltaí agus le gnáthaimh na scoile agus bheith ag tacú lena bpáistí le go dtig leo féin cloí leis na rialacha.
- ✓ Míniúchán a chur ar fáil ar an toirt gach uair nach bhfreastalaíonn a bpáiste ar scoil agus an scoil a chur ar an eolas maidir le leithéidí coinní leighis, rudaí, go hiondúil, nár cheart asláithreachta lá iomlán a bheith ag baint leo.
- ✓ Freastal ar gach agallamh tuismitheoir/múinteoir agus bheith toilteanach drochphatrúin láithreachta agus réitigh fhéideartha a phlé.
- ✓ Spéis ghníomhach a chur in oideachas a bpáiste agus sochair na láithreachta rialta ar scoil a chur chun cinn.
- ✓ Tacú le foireann na scoile ina n-iarrachtaí le hiompraíocht dheacair nó dhúshlánach a rialú.
- ✓ Gan laethanta saoire a chur in áirithe le linn téarmaí scoile.

## Scoileanna

- 8.4 Tá dualgas ar scoileanna sonraí ar láithreachta a gcuid daltaí a choinneáil agus socruithe a bheith i bhfeidhm acu le dul i ngleic le fadhbanna láithreachta. Bítear ag dúil fosta le go gcuirfidh scoileanna straitéisí le láithreachta ar scoil a spreagadh san áireamh sa Phlean Forbairt Scoile. Ba cheart do gach scoil Polasaí Tinrimh a bheith i bhfeidhm aici agus ba cheart do Bhoird Gobharnóirí cúrsaí láithreachta ar scoil a phlé go rialta.

Scoileanna	
Ba cheart do scoileanna:	
✓	Tábhacht na láithreachta ar scoil agus an nasc idir láithreachta ar scoil agus gnóthachtáil a chur chun cinn.
✓	Na pionóis fhéideartha a chur i gcuimhne do thuismitheoirí má theipeann orthu a gcuid dualgas a chomhlíonadh.
✓	Dul i gcomhairle le foghlaimeoirí maidir lena ndearcadh ar fhóirsteanacht an churaclaim agus éifeachtacht an teagaisc le dul i gcion ar an fhoghlaiméir.
✓	Modhanna rannpháirtíocht daltaí a bheith i bhfeidhm le cuidiú le páistí agus daoine óga bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht a mbíonn tionchar aici orthu féin, lena n-áirítear roghanna curaclaim.
✓	Polasaí Tinrimh Daltaí a bheith acu a bheadh faofa agus ceadaithe ag an Bhord Gobharnóirí. Ba cheart do gach ball foirne, na daltaí agus a dtuismitheoirí bheith meabhrach ar an pholasaí.
✓	Spriocanna láithreachta ar scoil a chur san áireamh sa phlean forbairt scoile agus a chinntiú go gcuirtear láithreachta ar scoil san áireamh ar chlár oibre gach cruinniú Bord Gobharnóirí.
✓	A chinntiú go ndéantar gach asláithreachta a thaifeadh mar is ceart. Béim a chur ar an ghá atá le míniúchán ar gach asláithreachta.
✓	A chur in iúl do gach thuismitheoir cén t-eolas atá de dhíth maidir le hasláithreachta a p(h)áiste agus cá huair ba cheart an t-eolas a chur ar fáil.
✓	Monatóireacht a dhéanamh ar láithreachta a gcuid daltaí ar scoil le go dtig fadhbanna ar bith a shainaithint agus a phlé chomh luath agus is féidir.
✓	Gnáthaimh shoiléire a bheith i bhfeidhm acu le gach asláithreachta agus míphoncúlacht dalta a shainaithint agus a fhiosrú. Monatóireacht a dhéanamh ar asláithreachta daltaí i ndiaidh am cláraithe agus thuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas maidir le hasláithreachta i ndiaidh am cláraithe trí, mar shampla, scairt ghutháin nó teachtaireacht téacs.
✓	Daltaí ar údar imní a leibhéal láithreachta ar scoil nó a dtiteann a leibhéal láithreachta faoi bhun 85%, a chur faoi bhráid an EWS.
✓	Faisnéis tinrimh a chur ar fáil do dhailtí agus dá dtuismitheoirí ar bhonn rialta, agus ní ag agallaimh fhoirmeálta thuismitheoir/múinteoir amháin agus i dtuairiscí deireadh bliana.

## An tÚdarás Oideachais/Seirbhís Leasa Oideachais

- 8.5 Cuireadh an tÚO ar bun ar an 1 Aibreán 2015 agus is é atá freagrach as seirbhísí oideachais a sheachadadh. Cuireann an EWS ar chumas an ÚO a dhualgas reachtúil a chomhlíonadh maidir le láithreachtaí daltaí ar scoil agus soláthraíonn tacaíocht do dhaltaí agus tuismitheoirí maidir le cúrsaí láithreachta ar scoil. Soláthraíonn siad comhairle do scoileanna chomh maith ar bhainistiú na hasláithreachta. I gcásanna nuair nach gcomhoibríonn tuismitheoirí le comhairle agus treoir an EWS, is ceadmhach don ÚO iarratas a dhéanamh chuig an chúirt, rud a bhféadfadh sé fíneáil tuismitheora a bheith mar thoradh air nó an chúirt Ordú Maoirsithe Oideachais a dhéanamh faoi Alt 55 d'Ordú Páistí (Tuaisceart Éireann) 1955.

### An tÚdarás Oideachais/Seirbhís Leasa Oideachais

Ba cheart don Údarás Oideachais/Seirbhís Leasa Oideachais:

- ✓ An cleachtas is fearr a scaipeadh ar scoileanna ag leibhéal córais agus ag leibhéal scoil aonair.
- ✓ Critéir chomhaontaithe a bhunú faoi choinne atreoruithe daltaí le scoileanna agus freagairt de réir mar is cuí.
- ✓ Iníúchadh a dhéanamh gach téarma ar láithreachta ar scoil agus freagairt de réir mar is cuí nuair a shroicheann leibhéal láithreachta scoil iomlán 90% nó faoina bhun agus/nó nuair a thiteann leibhéal láithreachta dalta aonair faoi bhun 85%.
- ✓ Reachtaíocht iomchuí a úsáid le cás dlí a thionscnamh más amhlaidh go bhfuil sé le leas an pháiste.
- ✓ Bheith ag obair go dlúth le scoileanna, seirbhísí sóisialta agus gníomhaireachtaí eile d'fhonn an cuidiú is gá a chur ar fáil le tacú le páistí a gcuid oideachais a chothú.
- ✓ Dul i gcion ar thuismitheoirí ar dhóigh dhearfach le láithreachta ar scoil a fheabhsú.
- ✓ Caidreamh éifeachtach oibre a bhunú le forais sheachtracha ábhartha, le leas na bpáistí.



## An Roinn Oideachais

- 8.6 Tá an ról ceannais ag an Roinn maidir le forbairt polasaí agus treoir straitéiseach a leagan síos. Bíonn an Roinn ag obair i gcomhpháirt leis an ÚO, agus le Ranna eile de réir mar is iomchuí, le luach an oideachais agus na gnóthachtála i saol duine óg a chur chun cinn.

### An Roinn Oideachais

Ba cheart don Roinn:

- ✓ Treoir straitéiseach maidir le feabhsú na láithreachta ar scoil a sholáthar.
- ✓ Bheith ag comhoibriú leis an ÚO le comhairle agus treoir nuashonraithe a sholáthar do scoileanna maidir le láithreacht ar scoil agus taifeadadh asláithreachta.
- ✓ Bheith ag comhoibriú leis an ÚO le breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bolscaireachta, amhail seachtain láithreacht ar scoil, le feasacht ar an asláithreacht a mhúscailt.
- ✓ Polasaithe agus tacaí a chur i bhfeidhm le cuidiú leis na grúpaí leochaileacha sin arb iad is mó a shainaithnítear a bheith i mbaol na tearcghnóthachtála.
- ✓ A chinntiú go gcuireann gach ceann dá polasaithe agus tionscnamh, nuair is féidir, láithreacht rialta ar scoil chun cinn.
- ✓ Tábhacht na láithreachta ar scoil a chur chun cinn ar feadh na ranna rialtais ar fad lena chinntiú go mbíonn cur chuige comhtháite ann agus le huasmhéadú a dhéanamh ar dheiseanna ar fud na hearnála poiblí le láithreacht ar scoil a chothú agus a chur chun cinn.

## An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI)

- 8.7 Is é an príomhchuspóir atá ag ETI, na caighdeáin is airde is féidir, d'fhoghlaim, teagasc agus gnóthachtáil a chur chun cinn ar feadh earráil an oideachais, na hoiliúna agus na hóige. Mar chuid den phróiseas cigireacht scoile, déanann siad trácht ar thionchar agus torthaí pholasaithe agus straitéisí na Roinne Oideachais. Cuimsíonn sé seo a fheabhas atá scoileanna ag soláthar curaclam agus cáilíochtaí a fhreagraíonn do riachtanais gach foghlaimora agus ag soláthar teagasc éifeachtach agus rí-éifeachtach. Nuair a thugann sonraíocht scoile le tuiscint go bhféadfadh sé gur réimse é an bainistiú láithreachta ag ceannairí agus gobharnóirí ina bhfuil gá le feabhsú, déanfar a leithéid a thuairisciú.

### An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI)

Ba cheart don ETI:

- ✓ Leanúint de bheith ag breithmheas agus ag tuairisciú ar an láithreachta ar scoil ina dtuairiscí cigireacht scoile, agus aon údair buartha a ardú de réir mar is iomchuí agus na torthaí a fhoilsiú.
- ✓ Dea-chleachtas a shainnithint i scoileanna ina bhfuil láithreachta mhaith ar scoil nó láithreachta atá ag feabhsú agus an t-eolas seo a chomhroinnt trí fhoilseachán dea-chleachtas.
- ✓ Bheith ag comhoibriú leis an Roinn maidir le straitéisí bainistithe láithreachta.

## 9. Conclúid

- 9.1 Tá an Roinn Oideachais tiomanta do chur chun cinn láithreach rialta daltaí ar scoil, le go mbeidh an deis is fearr is féidir ag gach páiste le lánacmhainneacht a bhaint amach. Tíocfaidh, leis an straitéis seo, creat comhsheasmhach faoi choinne gníomhartha agus feabhsaithe le gach duine atá ag obair le tacú le láithreach rialta agus láithreach fheabhsaithe daltaí ar scoil, a threorú. Díreofar an fócas ar thiomantas lucht ceannasaíochta, luath-idirghabháil, tacaíocht éifeachtach agus comhoibriú agus rannpháirtíocht a neartú, agus beidh, mar thaca fúithi, comhroinnt an chleachtais is fearr, lena chinntiú go dtiocfaidh laghdú ar líon na ndaoine óga s'againn *a Chailleann Lá Scoile agus a Chailleann Deis*.



## Aguisín 1

## Achoimre ar na polasaithe tinrimh i ndlínsí eile

### An Bhreatain Bheag

Cáipéis:

[new.wales.gov.uk/topics/educationandskills/policy\\_strategy\\_and\\_planning/schools/339214-wag/?lang=en](https://new.wales.gov.uk/topics/educationandskills/policy_strategy_and_planning/schools/339214-wag/?lang=en)

### Achoimre

Is é an ról atá ag an rialtas lárnach ná treoir a sholáthar maidir le cad is Polasaí Tinrimh éifeachtach ann.

Ba cheart do scoileanna Polasaí Tinrimh a fhorbairt ina mbeidh béim ar na cúinsí sainiúla m.sh. aois an dalta/na ndaltaí, leibhéal spéis nó rannpháirtíocht tuismitheora, suíomh geografach, agus cúinsí áitiúla agus cúinsí a bhaineann go sainiúil leis an teaghlach nó le tosca socheacnamaíocha. Nuair a bhítear ag forbairt polasaí, ba cheart do scoileanna dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara (baill foirne, tuismitheoirí, Bord Gobharnóirí, daltaí srl.) Ba cheart go n-éascódh an polasaí imscrúdú agus anailís ar cheisteanna/téamaí bunúsacha (mar chuidiú leis an pholasaí a fheabhsú) agus go leagfaí amach straitéisí i dtaca leis an dóigh ar cheart plé le fadhbanna. Ba cheart úsáid uasta a bhaint as taifid leictreonacha tinrimh nuair a bhítear ag fiosrú ceisteanna amhail patrúin sa tsonraíocht tinrimh a shainaithint agus/nó a imscrúdú.

Is iad na tuismitheoirí, i ndeireadh na dála, atá freagrach as láithreach a gcuid páistí ar scoil agus, dá réir, tá a rannpháirtíocht ríthábhachtach, ag céim forbartha an pholasaí scoile agus ag céim an réitigh maidir le riachtanais shainiúla a gcuid páistí féin.

## Albain

Cáipéis:

[www.gov.scot/resource/doc/294630/0091104.pdf](http://www.gov.scot/resource/doc/294630/0091104.pdf)

### Achoimre

Amhail an Bhreatain Bheag, is é an rialtas lárnach in Albain a sholáthraíonn treoir do thuismitheoirí/cúramóirí maidir leis an fháth a bhfuil tábhacht leis an láithreach ar scoil agus leis an mhéid atá ar fáil acu ó thaobh tacaíochta de. Ar an dóigh seo, aibhsítear gur freagracht tuismitheora í an láithreach scoile ach gur féidir cúnaimh a chur ar fáil do thuismitheoirí/cúramóirí. Tá éagsúlacht d'eolas ar fáil, lena n-áirítear leabhrán ina dtugtar cur síos do thuismitheoirí ar an leibhéal tacaíochta a bhfuil an páiste ina theideal.

## Sasana

Cáipéis:

[www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment\\_data/file/361008/Advice\\_on\\_school\\_attendance\\_sept\\_2014.pdf](http://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/361008/Advice_on_school_attendance_sept_2014.pdf)

Ba é an rialtas lárnach i Sasana ba shainiúla i measc réigiúin na RA maidir lena leagan amach gur comhairle neamhrechtúil a bhí sé a sholáthar do scoileanna agus d'údaráis áitiúla, a forbraíodh le cuidiú leo leibhéal arda láithreach ar scoil a chothú agus an lá agus an bhliain scoile a phleanáil. Tá eolas ar fáil chomh maith sa cháipéis seo ar na hidirghabhálacha atá ar fáil le tabhairt faoi dhrochleibhéal láithreachta agus iompraíochta daltaí ar scoil agus tá comhairle ann gur cheart an treoir a léamh taobh leis an treoir reachtúil ar bhearta tuismitheora i dtaca le láithreach agus iompraíocht ar scoil.

Is léir go bhfuil an treoir dírithe ar Údaráis Áitiúla, scoileanna (lena n-áirítear Boird Gobharnóirí), tuismitheoirí agus cúramóirí.

## Poblacht na hÉireann

Cáipéis:

[www.citizensinformation.ie/en/education/primary\\_and\\_post\\_primary\\_education/attendance\\_and\\_discipline\\_in\\_schools/school\\_attendance.html](http://www.citizensinformation.ie/en/education/primary_and_post_primary_education/attendance_and_discipline_in_schools/school_attendance.html)

### Achoimre

Cuirtear an bhéim ar an reachtaíocht agus ar fhreagracht an tuismitheora nuair a roghnaíonn tuismitheoirí a gcuid páistí a chur ar scoil. Tá leagtha amach ansin sa cháipéis go bhfuil sé d'fhreagracht ar an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a chinntiú go ndéanann gach dalta freastal rialta ar an scoil. Cuireann an Ghníomhaireacht an bhéim ar bheith ag cuidiú le scoileanna, teaghlaigh agus páistí in áit bheith ag gearradh pionós as asláithreachta scoile. Fostaítear oifigigh leasa oideachais ag leibhéal áitiúil ar fud an stáit le tacaíocht agus comhairle a sholáthar do thuismitheoirí agus scoileanna agus le hasláithreachtaí a fhiosrú a thuilleamh. Cuidíonn siad chomh maith leis na polasaithe ar fad a bhfuil baint acu le láithreach ar scoil agus le leas oideachasúil a chomhordú.

## An Nua-Shéalainn

Cáipéis:

[www.educationleaders.govt.nz/Managing-your-school/Guides-for-managing-your-school/Understanding-attendance](http://www.educationleaders.govt.nz/Managing-your-school/Guides-for-managing-your-school/Understanding-attendance)

### Achoimre

Is é an cleachtas sa Nua-Shéalainn go soláthraíonn an rialtas lárnach treoir (neamhrechtúil) do Bhoird Gobharnóirí agus do scoileanna, a mbítear ag dúil leis go ndéanfaidh siadsan na hidirghabhálacha iomchuí, le tacaíocht ó áiseanna amhail monatóireacht tinrimh leictreonach.

## Ceanada

Cáipéis:

[www.edu.gov.mb.ca/k12/docs/reports/attendance/school\\_attendance\\_final.pdf](http://www.edu.gov.mb.ca/k12/docs/reports/attendance/school_attendance_final.pdf)

### Achoimre

Is cáipéis idirmheánach/leibhéal íseal í an cháipéis seo, murab ionann agus na cáipéisí sin a pléadh go dtí seo. Is níos mó de léiriú atá ann ar an chur chuige 'ar an talamh' ar ghlac "údarás áitiúil" leis, seachas treoir neamhrechtúil an rialtais lárnaigh.





## Aguisín 2

## Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Tá sé éigeantach, agus polasaí ar bith á cheapadh, á fhorbairt agus á fheabhsú ar bhonn leanúnach, barúlacha na bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh. Maidir le Polasaí Tinrimh, is ionann na heochairpháirtithe leasmhara agus daltaí, tuismitheoirí, agus iar-dhaltaí, príomhoidí scoile agus múinteoirí, agus oifigigh de chuid an Údaráis Oideachais (ar a dtugtaí na Boird Oideachais agus Leabharlann roimhe seo - na Boird). Le barúlacha na ngrúpaí éagsúla páirtithe leasmhara a thiomsú, chuir an Roinn deis ar fáil do gach grúpa acu a mbarúlacha a nochtadh trí:

- An Ceistneoir Bunscoile a eisíodh chuig Bunscoileanna. Rinneadh an ceistneoir aois-oiriúnach a fhorbairt faoi choinne daltaí Rang 5 go Rang 7.
- Imeachtaí Rannpháirtíocht Tuismitheoirí - arna n-éascú ag réimse de scoileanna a thairg cúnaimh.
- Teagmháil le daoine óga a bhí faoi mhíbhuntáiste, a raibh eispéireas diúltach scoile acu agus atá anois gan dídean.
- Ceardlanna de chuid Seirbhís Óige Réigiún an Oirdheiscirt le daoine óga laistigh de ghrúpaí pobail agus, chomh maith, leis an Chóras Dlí agus Cirt d'Ógánaigh.
- Ceardlanna Láithreach ar Scoil le:
  - Príomhoidí as scoileanna ina bhfuil - rátaí tinrimh éagsúla, agus daltaí Nuathagtha;
  - Seirbhís Leasa Oideachais (EWS) an Údaráis Oideachais;
  - Comhordaitheoirí Máithreacha Scoilaoise; agus
  - Seirbhís Cuimsithe agus Ilchineálachta (IDS).


Tábla 4 Staitisticí Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Páirtí Leasmhara	Cineál Rannpháirtíochta	Figiúirí
Daltaí	Ceistneoir Bunscoile	1,530 comhlánaithe
Daoine Óga	Ceardlanna le grúpa óige darb aois (15 go 22)	6 imeacht
Tuismitheoirí	Ceistneoir	171 comhlánaithe
	Imeachtaí Rannpháirtíochta	9 n-imeacht agus 171 i láthair
Príomhoidí	Imeachtaí Rannpháirtíochta	3 imeacht agus 138 i láthair
Seirbhís Leasa Oideachais	Ceardlann Rannpháirtíochta	1 imeacht agus 56 i láthair
Comhordaitheoirí Máithreacha Scoilaoise	Ceardlann Rannpháirtíochta	1 imeacht agus 10 i láthair


## Aiseolas

### 1. Daltaí Bunscoile


Fuarthas ceistneoirí comhlánaithe ó níos mó ná 1500 dalta inar léirigh siad a mbarúlacha ar roinnt réimsí.




### Cad chuige nach mbeifeá ag iarraidh dul ar scoil?



### Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach dul ar scoil gach lá?



## Cé a bhíonn ag iarraidh tú a bheith ar scoil?



### Achoimre ar na croicheisteanna – Páistí Bunscoile

#### Rudaí ar dócha go bhfeabhsódh siad láithreach ar scoil

Deiseanna Foghlama	An fáth is coitianta a luadh le dul ar scoil ná le deiseanna a fháil le foghlaim a dhéanamh agus le hoideachas a fháil, le go mbeadh todhchaí ní ba ghile acu.
Cairde	Sainaitníodh cairde a fheiceáil agus cairde nua a dhéanamh ina fháth suntasach le daltaí bunscoile a bheith ag freastal ar scoil.
Gníomhaíochtaí & Spraoi	Dar leis na daltaí go raibh tionchar ar leith ag gníomhaíochtaí amhail turais, spóirt agus cumainn iarscoile agus spraoi ginearálta a bheith acu, ar cé acu a bhí nó nach raibh siad ag iarraidh dul ar scoil.
Múinteoirí	Ba rud tábhachtach é múinteoir a bheith ann ar furasta labhairt leis nó léi agus atá sochaideartha, maidir le heispéireas scoile dalta agus láithreach rialta ar scoil.

#### Rudaí a chuir le hasláithreachtaí

Tinneas/coinní	Shainaithin daltaí tinneas ar an príomhfháth le gan dul ar scoil.
Obair scoile	Shainaithin céatadán suntasach de dhaltaí obair scoile agus ábhair ar leith ina gcúis le hiad a bheith ag iarraidh gan dul ar scoil.
Tromaíocht	Sainaitníodh í ina cúis le daltaí a bheith ag iarraidh gan freastal ar scoil.
Tuirse	Luaigh go leor de na daltaí tuirse ina cúis le hiad a bheith ag iarraidh gan dul ar scoil.

## 2. Daoine Óga

Bhí RO ag obair i gcomhpháirt le Seirbhís Óige an ÚO agus le Fóram Óige Thuaisceart Éireann le dul i gcion ar dhaoine óga a bhí ag streachailt le láithreacht ar scoil. Bhí san áireamh sna grúpaí rannpháirteacha:

- Daoine óga a bhí gan teach gan dídean;
- Daoine as ceantair díothacht shóisialta;
- Daoine a chónaigh i gceantair thuaithe; agus
- Grúpa a raibh baint acu ag an am sin leis an Chóras Dlí agus Cirt d'Ógánaigh.

Achoimre ar na croícheisteanna – Daoine Óga	
<b>Rudaí ar dócha go bhfeabhsódh siad láithreacht ar scoil</b>	
Dreasachtaí	Sainnithníodh dreasachtaí airgeadais, amhail an Liúntas Cothabhála Oideachais (EMA) mar bhealach le láithreacht ar scoil a mhéadú. Cuireadh síos dó fosta mar dhóigh le bheith ag caitheamh le daoine óga mar a bheadh daoine fásta iontu.
Rogha ní b'fhearr d'ábhair	Bheith in ann ábhair níos gairmiúla a roghnú, rud, dar leo, a rachadh níos mó chun sochair dóibh sa ghnáthshaol - sainnithníodh é seo ina dhóigh leis an scoil a dhéanamh níos tarraingtí.
Tacaíocht	Mhóthaigh sciar de na daoine óga go raibh gá le níos mó tacaíocht tréadchúraim i gcás fadhbanna scoile agus fadhbanna lasmuigh den scoil a raibh tionchar acu ar an scoil.
<b>Rudaí a chuir le hasláithreachtaí</b>	
Curaclam	Dar le roinnt daoine óga go raibh dúil acu sa scoil ach go raibh siad ag streachailt le cuid de na hábhair éigeantacha, rud a d'fhág nach raibh siad ag iarraidh freastal ar scoil.
Tromaíocht	Tógadh ceisteanna maidir le tromaíocht ó mhúinteoirí mar aon leis an ghá le múinteoirí sainoiliúint a bheith acu le plé le ceisteanna deacra go hiógair agus go cúramach agus le comhbhá seachas go cosantach.
Easpa measa	Mhóthaigh go leor dá raibh i láthair nár léirigh scoileanna/múinteoirí go leor measa ar dhaltáí trí chead a thabhairt dóibh a gcinntí féin a dhéanamh i gcás ceisteanna amhail an chuma a chuir siad orthu féin nó bheith ag caitheamh leo mar a bheadh daoine fásta iontu.
Uaireanta Scoile	Chuir na daoine óga síos, ar cheann de na príomhchúiseanna le hiad gan a bheith ag freastal nó gan a bheith ag iarraidh freastal ar scoil, go dtosaíonn an lá scoile róluath agus go dtéann sé ar aghaidh rófhada.
Gan tuiscint a bheith acu ar an tionchar	Bhí comhaontú ollmhór ann go rachadh siad uilig ar ais, go n-éistfeadh siad agus go ndéanfadh siad iarracht ní ba mhó lena chinntiú go mbeadh todhchaí ní ba ghile acu. Ba ráiteas soiléir é seo, go fiú ina measc sin a raibh tionchar diúltach ag an scoil orthu.

### 3. Rannpháirtíocht Tuismitheora

Scríobh an Roinn chuig níos mó ná 100 scoil le cúnaimh a iarraidh orthu rannpháirtíocht tuismitheora a éascú. Ansin, reáchtáil RO ceardlanna le tuismitheoirí agus múinteoirí as naoi scoil agus sainaitníodh roinnt ceisteanna coitianta maidir le láithreacht ar scoil a fheabhsú agus maidir le rudaí a chuir le hasláithreacht scoile.

Achoimre ar na croícheisteanna – Tuismitheoirí	
<b>Rudaí ar dócha go bhfeabhsódh siad láithreacht ar scoil</b>	
Dreasachtaí/luaióchtaí	Bhí tacaíocht ollmhór ann do dhreasachtaí/luaióchtaí as tinreamh maith agus luaigh go leor de na tuismitheoirí gur úsáid siad a leithéid sa bhaile le láithreacht ar scoil a spreagadh.
Rogha ní b'fhearr d'ábhair	Mhóthaigh tuismitheoirí go mbeadh cur chuige ní ba dhearfaí ag a bpáistí i leith na scoile dá ndéanfadh na scoileanna rogha d'ábhair scileanna saoil nó d'ábhair ghairmiúla a thairiscint.
Cairde	Sainaitníodh bualadh le cairde ina eochairghné d'fheabhsú na láithreachta ar scoil. Aibhsíodh gníomhaíochtaí neamhchuraclaim amhail clubanna bricfeasta agus iarscoile ina rudaí a raibh an-tóir ag daltaí orthu.
<b>Rudaí a chuir le hasláithreachtaí</b>	
Curaclam	Dar le go leor tuismitheoirí gur tháinig tionchar diúltach ar shaol scoile agus ar láithreacht a bpáiste ar scoil nuair a cuireadh iallach ar an pháiste ábhair phríomhshrutha áirithe a dhéanamh as siocair an ualaigh mhóir oibre a tháinig leo.
Tromaíocht	Shainaithin chóir a bheith gach rannpháirtí an tromaíocht ina cúis, in amanna, lena bpáiste gan a bheith ag iarraidh freastal ar scoil. Mhóthaigh go leor de na tuismitheoirí gur tháinig tionchar dearfach i gcónaí, nach mór, ar láithreacht ar scoil nuair a phléigh an scoil go dáiríre leis seo.
Easpa measa	Mhóthaigh go leor dá raibh i láthair nár léirigh scoileanna/múinteoirí go leor measa ar dhaltaí trí chead a thabhairt dóibh a gcinntí féin a dhéanamh i gcás ceisteanna amhail an chuma a chuir siad orthu féin nó bheith ag caitheamh leo mar a bheadh daoine fásta iontu.
Uaireanta Scoile	Léirigh go leor de na tuismitheoirí an bharúil go raibh an lá scoile rófhada, go háirithe i bhfianaise an méid obair chúrsa agus obair baile a bhí le déanamh i ndiaidh na scoile.

#### 4. Rannpháirtíocht na Seirbhísí Tacaíochta

Reáchtáil an Roinn roinnt ceardlann leis an tSeirbhís Leasa Oideachais (EWS), leis an tSeirbhís Cuimsitheachta agus Ilchineálachta (IDS), agus le comhordaitheoirí Máithreacha Scoilaoise (SAM).

Achoimre ar na croícheisteanna – Seirbhísí Tacaíochta	
<b>Rudaí ar dócha go bhfeabhsódh siad láithreacht ar scoil</b>	
Acmhainní	Acmhainní iomchuí le plé go tráthúil le ceisteanna láithreacht ar scoil.
Reachtaíocht	Córas dlí éifeachtach le plé le hasláithreacht leanúnach.
Polasaí Tinrimh	Éigeantach ag gach scoil polasaí tinrimh a bheith aici agus ról na scoile le neartú maidir le bheith ag tabhairt faoi fhadhbanna láithreacht ar scoil.
Oibriú comhtháite	Teagmháil bhríoch idir EWS agus scoileanna.
<b>Rudaí a chuir le hasláithreachtaí</b>	
Meon na dtuismitheoirí	Tuismitheoirí nach bhfeiceann aon fhadhb le hasláithreachtaí neamhúdaraithe nó an gá le fáthanna a thabhairt.
Acmhainní	Acmhainní neamhleorga le plé le fadhbanna láithreacht ar scoil.
Cumarsáid	Gan an chumarsáid idir scoileanna agus EWS a bheith éifeachtach.
Córas dlí is cirt	Gan an córas dlí agus cirt agus na pionóis a bheith éifeachtach go leor.

## 5. Teagmháil le Príomhoidí

Reachtáladh imeachtaí rannpháirtíochta le réimse de Phríomhoidí as scoileanna ina bhfuil éagsúlacht de rátaí tinrimh, agus éagsúlacht ó thaobh leibhéal na ndaltaí Nuathagtha de.

Achoimre ar na croícheisteanna – Príomhoidí	
<b>Rudaí ar dócha go bhfeabhsódh siad láithreacht ar scoil</b>	
Acmhainní	Acmhainní iomchuí le plé go tráthúil le ceisteanna láithreacht ar scoil
Reachtaíocht	Córas dlí éifeachtach le plé le hasláithreacht leanúnach
Rannpháirtíocht tuismitheora	Tuismitheoirí a bheith i dteagmháil leis na scoileanna
Oibriú comhtháite	Teagmháil bhríoch idir EWS agus scoileanna
Tacaíocht	Tacaíocht for-rochtana le teagmháil baile scoile a thabhairt chun tosaigh
Taifeadadh agus spriocanna	Córas códaithe simplithe le hasláithreachtaí a thaifeadadh. Is féidir go ndéanfadh dornán beag de dhaltáí, agus ceisteanna nach bhfuil smacht ag an scoil orthu difear mór maidir le leibhéal tinrimh scoileanna.
<b>Rudaí a chuir le hasláithreachtaí</b>	
Meon na dtuismitheoirí	Tuismitheoirí nach bhfeiceann aon fhadhb le hasláithreachtaí neamhúdaraithe nó an gá le fáthanna a thabhairt.
Acmhainní	Acmhainní neamhleorga le plé le fadhbanna láithreacht ar scoil.
Caidreamh éifeachtach le EWS	Gan an caidreamh idir scoileanna agus EWS a bheith éifeachtach go leor.
Córas dlí is cirt	Gan an córas dlí agus cirt agus na pionóis a bheith éifeachtach go leor.
Freagrachtaí daltaí	Is féidir tionchar a bheith ag freagrachtaí daltaí ar chúrsaí, go háirithe i gcás máithreacha scoilaoise agus cúramóirí óga.



## Aguisín 3

### Liosta na bpáirtithe leasmhara

Gabhaimid buíochas leis na scoileanna agus na grúpaí leasmhara a leanas a bhí rannpháirteach linn ar éagsúlacht de shlite trí cheistneoirí a chur ar ais, trí fhreastal ar imeachtaí rannpháirtíochta agus trí oícheanta rannpháirtíocht tuismitheora a éascú.

Abercorn Primary School  
Armstrong Primary School  
Ashfield Girls High School, Béal Feirste  
Avoniel Primary School  
City Armagh High School  
Clounagh Junior High School  
Drumgor Primary School  
Fane Street Primary School  
Holy Family Primary School, Machaire Fiolta  
Holy Trinity Primary School, Inis Ceithleann  
Holy Trinity Primary School, An Chorr Chríochach  
Knockbreda High School  
Lagan College  
Londonderry Model Primary School  
Malone Integrated College  
Methodist College  
Millington Primary School  
Nettlefield Primary School  
Newtownbreda High School  
Omagh County Primary School  
Our Lady's Girls' Primary School  
St Anne's Primary School, Béal Feirste  
St Anthony's Primary School, Craigavon  
St Brendan's Primary School  
St Bride's Primary School  
St Comgall's Primary School, Aontroim  
St Francis Primary School  
St John the Baptist Primary School, Craigavon  
St John's Primary School, Dún Geanainn  
St Joseph's Boys' High School, an tIúr  
St Joseph's College

St Joseph's Primary School, Lios na gCearrbhach  
 St Mary's Primary School, Béal Feirste  
 St Michael's Primary School, Béal Feirste  
 St Patrick's College, an Baile Meánach  
 St Patrick's College, Dún Geanainn  
 St Patrick's Primary School, Ard Mhacha  
 St Patrick's Primary School, Dún Geanainn  
 St Paul's Junior High School  
 Windsor Hill Primary School  
 Mallusk Primary School  
 Fane Street Primary School  
 St Anne's PS, Béal Feirste  
 Currie Primary School  
 St Mary's PS, An Baile Nua  
 Milltown Primary School  
 Knocknagoney Primary School  
 Rathcoole Primary School  
 St Patrick's PS, Eskra, An Ómaigh  
 Londonderry PS, Baile Nua na hArda  
 Hazelwood Integrated PS  
 Scoil An Droichid  
 Earlview Primary School  
 Nettlefield Primary School  
 Botanic Primary School  
 Our Lady's Girls Primary School  
 St Mary's PS, Melmount, An Srath Bán  
 Whitehead Primary School  
 St Joseph's PS, Lios na gCearrbhach  
 Armstrong Primary School  
 St Joseph's Convent PS, an tlúr  
 Kilcooley Primary School, Beannchar  
 Fóram Óige Thuaisceart Éireann Comhairle do Dhaoine gan Dídean  
 An tÚdarás Oideachais:  
 Seirbhís Óige an ÚO:  
 - Ionad Dí agus Cirt d'Ógánaigh Woodlands, Ráth Giall  
 - Ionad Forbairt Óige Chollann  
 - Tionscadal Tuaithe na hAirde, Aird Uladh  
 Seirbhís Leasa Oideachais  
 Seirbhís Cuimsithe agus Ilchineálacht



